Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Iascach

2025/0240(COD)

16.7.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Iascach

chuig an gCoiste um Buiséid, an Choiste um Fhorbairt Réigiúnach agus an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509
(COM(2025)0565 – C10-0179/2025 – 2025/0240(COD))

Rapóirtéir don tuairim: André Franqueira Rodrigues

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile (2028–2034), go háirithe trí na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (NRPP) a bhunú, léirítear athstruchtúrú domhain ar an gcaoi a ndéantar beartais an Aontais a mhaoiniú agus a chur chun feidhme. Tríd an iascach agus an dobharshaothrú a chomhtháthú in imchlúdach náisiúnta aonair atá solúbtha den chuid is mó, tá an baol ann go lagóidh an togra infheictheacht, comhleanúnachas agus éifeachtacht an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), ar inniúlacht eisiach de chuid an Aontais i gcónaí é.

Tá an t-iascach agus an dobharshaothrú ríthábhachtach do shlándáil bia, uathriail straitéiseach agus comhtháthú críochach an Aontais. Tacaíonn an earnáil leis na réigiúin chósta, na réigiúin oileánacha agus na réigiúin is forimeallaí, cothaíonn sí geilleagair áitiúla agus cuireann sí le hathléimneacht an Aontais i gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag éirí níos éiginnte. Mar sin féin, leis an togra ón gCoimisiún, laghdaítear go mór an leibhéal cistiúcháin ráthaithe i gcomparáid leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) atá ann faoi láthair, agus fágtar cinntí maidir le leithdháileadh faoi na Ballstáit den chuid is mó ag an am céanna. Cruthaíonn sé sin fíorbhaol go ndéanfar tosaíocht an iascaigh agus an dobharshaothraithe ar an leibhéal náisiúnta a lagú. In éagmais cur in áirithe soiléir in ionstraimí eile, baintear an bonn a thuilleadh d'intuarthacht agus d'acmhainneacht infheistíochta fadtéarmaí na hearnála.

I bhfianaise an mhéid sin, féachtar sa tuairim seo le sláine CBI a chosaint agus, ag an am céanna, oibriú laistigh den struchtúr foriomlán a mhol an Coimisiún. Iarrann sí go mbunófaí leithdháileadh íosta soiléir, fóinteach agus inaitheanta don iascach agus don dobharshaothrú, lena n-áiritheofar leanúnachas le hacmhainneacht reatha idirghabhála an Aontais agus lena gcuirfear cosc ar athnáisiúnú *de facto* ar chomhbheartas Eorpach.

Gné lárnach den chur chuige sin is ea comhleanúnachas dlíthiúil a athbhunú sa chreat reachtach. Roinnt forálacha atá sa Rialachán NRPP faoi láthair — go háirithe na forálacha sin lena sainítear idirghabhálacha, ceanglais agus rialacha cur chun feidhme earnáilsonracha — is iomchuí iad a chur i Rialachán CBI. Dá bhrí sin, sainaithnítear sna leasuithe a ghabhann leis an tuairim seo, trí lúibíní cearnacha a úsáid, na forálacha ba cheart a aistriú ar deireadh chuig an rialachán earnála le linn an phróisis reachtaigh.

Tugtar aghaidh sa tuairim freisin ar phríomhriachtanais struchtúracha na hearnála. Tugtar aird ar leith ar na réigiúin is forimeallaí, i gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE, a bhraitheann go mór ar an iascach agus ar an dobharshaothrú agus a bhfuil srianta struchtúracha buana orthu. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, imchlúdaigh thiomnaithe agus tacaíocht spriocdhírithe a áirithiú do na réigiúin sin laistigh den chreat a bheidh ann amach anseo.

Ina theannta sin, tugtar isteach leis an tuairim an fhéidearthacht comharbas soithí a bheith ann mar bheart incháilithe, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le hathnuachan ó ghlúin go glúin agus don ghá atá le cabhlaigh inmharthana nua-aimseartha a choinneáil ar bun. Iarrann sé freisin go n-áireofaí íocaíochtaí géarchéime le haghaidh iascaigh agus dobharshaothraithe, atá ar aon dul leis na hionstraimí atá ar fáil in earnálacha eile, chun a áirithiú gur féidir leis an earnáil freagairt go héifeachtach do thurraingí eacnamaíocha, do shuaitheadh sa mhargadh agus do dhúshláin chomhshaoil.

Ar an iomlán, tá seasamh an rapóirtéara bunaithe ar chuspóir soiléir: níor cheart simpliú agus solúbthacht a bheith chun dochair don Chomhbheartas Iascaigh. Ní mór an t-iascach agus an dobharshaothrú a aithint go hiomlán, a chistiú go leordhóthanach agus a rialú i gcónaí mar phríomhchodanna de thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, le rialacha soiléire, acmhainní leordhóthanacha agus féiniúlacht láidir earnála.

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Iascach in iúl don Choiste um Buiséid, don Choiste um Fhorbairt Réigiúnach agus don Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, mar na coistí atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ní mór don Aontas a chuspóirí a bhaint amach laistigh de chomhthéacs dúshlánach eacnamaíoch, sóisialta agus déimeagrafach, lena n-áirítear éagothromaíochtaí réigiúnacha agus críochacha leanúnacha, tionchair an athraithe aeráide ***agus dúshláin a bhaineann le*** slándáil bia ***agus*** cosaint an dúlra, dul chun cinn neamhleor agus míchothrom maidir le claochlú digiteach an Aontais, an dochar a dhéantar d'iarrachtaí ceannasacht dhigiteach an Aontais a neartú chomh maith le hiarmhairtí móra eacnamaíocha agus sóisialta. Mar aon leis sin, tá comhthéacs dúshlánach geopholaitiúil agus geo-eacnamaíoch ann a bhfuil tionchar aige ar bheartais chosanta, slándála (lena n-áirítear slándáil eacnamaíoch) agus imirce an Aontais. Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin sin, tá gá le buiséad de chuid an Aontais atá níos dírithe, níos simplí agus a bhfuil tionchar níos mó aige, chun breisluach an Aontais agus ailíniú soiléir idir tacaíocht airgeadais an Aontais agus tosaíochtaí beartais an Aontais ar fud na réimsí beartais agus na modhanna	(7) Ní mór don Aontas***, agus aird chuí á tabhairt aige ar phrionsabal na coimhdeachta agus ar inniúlachtaí na mBallstáit,*** a chuspóirí a bhaint amach laistigh de chomhthéacs dúshlánach eacnamaíoch, sóisialta agus déimeagrafach, lena n-áirítear éagothromaíochtaí réigiúnacha agus críochacha leanúnacha, tionchair an athraithe aeráide***, an gá*** le slándáil bia***,*** cosaint an dúlra ***agus iomaíochas earnáil phríomhúil na hEorpa a áirithiú,*** dul chun cinn neamhleor agus míchothrom maidir le claochlú digiteach an Aontais, an dochar a dhéantar d'iarrachtaí ceannasacht dhigiteach an Aontais a neartú chomh maith le hiarmhairtí móra eacnamaíocha agus sóisialta. Mar aon leis sin, tá comhthéacs dúshlánach geopholaitiúil agus geo-eacnamaíoch ann a bhfuil tionchar aige ar bheartais chosanta, slándála (lena n-áirítear slándáil eacnamaíoch) agus imirce an Aontais. Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin sin, tá gá le buiséad de chuid an Aontais atá níos dírithe, níos simplí agus a bhfuil tionchar níos mó aige, chun breisluach an Aontais

bainistíochta uile a áirithiú agus chun [leanúint d'iarrachtaí chun] rialacha maidir le tacaíocht airgeadais an Aontais a shimpliú.

agus ailíniú soiléir idir tacaíocht airgeadais an Aontais agus tosaíochtaí beartais an Aontais ar fud na réimsí beartais agus na modhanna bainistíochta uile a áirithiú agus chun [leanúint d'iarrachtaí chun] rialacha maidir le tacaíocht airgeadais an Aontais a shimpliú***, mar chuid de na hiarrachtaí leanúnacha chun an t-ualach riaracháin a laghdú***.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Le buiséad an Aontais, arna chur chun feidhme in éineacht leis na Ballstáit***,*** ba cheart foráil a dhéanamh, go háirithe, maidir le beartas neartaithe nuachóirithe um chomhtháthú agus fás cuimsitheach lena rannchuideofar le héagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú ar fud an Aontais agus lena gcuirfear chun cinn forbairt inbhuanaithe agus iomaíochas an Aontais, a cheannasacht theicneolaíoch, a chlaochlú digiteach, agus a shlándáil. Ba cheart an beartas sin a fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla; agus leis an mbeartas sin, ba cheart dlús a chur le hathléimneacht agus ullmhacht aeráide agus uisce agus ba cheart cuspóir uileghabhálach a bheith aige maidir le gníomhaíocht an Aontais chun ullmhú do rioscaí aeráide atá ag dul i méid. ***Le buiséad an Aontais, ba cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt do CBT atá níos simplí agus spriocdhírithe ina bhfuil an chothromaíocht cheart idir dreasachtaí, infheistíocht agus rialáil agus lena n-áirithítear go mbíonn ioncam cothrom leordhóthanach ag feirmeoirí, rud a mheallann feirmeoirí óga. Ba cheart a áirithiú le buiséad an Aontais an intuarthacht is gá le haghaidh comhbheartas lena soláthraítear tacaíocht***	(9) Le buiséad an Aontais, arna chur chun feidhme in éineacht leis na Ballstáit, ba cheart foráil a dhéanamh, go háirithe, maidir le beartas neartaithe nuachóirithe um chomhtháthú agus fás cuimsitheach lena rannchuideofar le héagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú ar fud an Aontais agus lena gcuirfear chun cinn forbairt inbhuanaithe agus iomaíochas an Aontais, a cheannasacht theicneolaíoch, a chlaochlú digiteach, agus a shlándáil***, lena n-áirítear slándáil bia***. Ba cheart an beartas sin a fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla; agus leis an mbeartas sin, ba cheart dlús a chur le hathléimneacht agus ullmhacht aeráide***, Aigéin*** agus uisce agus ba cheart cuspóir uileghabhálach a bheith aige maidir le gníomhaíocht an Aontais chun ullmhú do rioscaí aeráide atá ag dul i méid.

ioncaim.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Le buiséad an Aontais, ba cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt do CBT atá níos simplí agus spriocdhírithe ina bhfuil an chothromaíocht cheart idir dreasachtaí, infheistíocht agus rialáil agus lena n-áirithítear go mbíonn ioncam cothrom leordhóthanach ag feirmeoirí, rud a mheallann feirmeoirí óga. Ba cheart a áirithiú le buiséad an Aontais an intuarthacht is gá le haghaidh comhbheartas lena soláthraítear tacaíocht ioncaim.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9b) Ba cheart do bhuiséad an Aontais leanúint de bheith ag tacú le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) agus a chuspóirí trí chur chuige spriocdhírithe lena spreagtar dícharbónú na hearnála, lena gcuirtear nuachóiriú agus athnuachan an chabhlaigh chun cinn, lena spreagtar athnuachan ó ghlúin go glúin, cosaint na muirthimpeallachta, agus lena gcothaítear feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar dhálaí maireachtála ar bord. Chuige sin, is gá leibhéal leordhóthanach intuartha cistiúcháin a áirithiú lena bhféadfar na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil earnáil an

iascaigh á cosaint ag an am céanna.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) Mar sin féin, níor cheart go ndéanfaí beartais Eorpacha a náisiúnú ná go ndéanfaí bainistiú na mbeartas sin a lárú mar thoradh ar an tsolúbthacht agus ar an simpliú sin. Ba cheart rialachas il-leibhéil agus comhpháirtíocht iarbhír le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla a urramú go hiomlán, i gcomhréir le struchtúir bhunreachtúla inmheánacha na mBallstát. Ba cheart a thabhairt de chumhacht do na réigiúin a bheith i gceannas ar dhearadh agus ar chur chun feidhme na gcaibidlí réigiúnacha éigeantacha laistigh de Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, agus, i gcás inarb infheidhme, ba cheart ceart na réigiún idirghníomhú go díreach leis an gCoimisiún agus gníomhú mar údaráis bhainistíochta a ráthú. Ba cheart cláir athchóirithe agus infheistíochta a chomhaontú ar an leibhéal iomchuí rialtais.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) I gcomhréir le hAirteagal 177 CFAE, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, trí bhíthin rialachán, cúraimí, tosaíocht, cuspóirí agus eagrú na gCistí Struchtúracha a shainiú, rud a bhféadfaidh grúpáil na gCistí a bheith i gceist leis. Chun cur chun feidhme níos comhordaithe, níos comhchuibhithe agus	(11) I gcomhréir le hAirteagal 177 CFAE, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, trí bhíthin rialachán, cúraimí, tosaíocht, cuspóirí agus eagrú na gCistí Struchtúracha a shainiú, rud a bhféadfaidh grúpáil na gCistí a bheith i gceist leis. Chun cur chun feidhme níos comhordaithe, níos comhchuibhithe agus

níos éifeachtaí Chistí an Aontais a fhorbairt, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le grúpáil cistí arna réamh-leithdháileadh go náisiúnta faoin gCiste Eorpach um Chomhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach, um Thalmhaíocht agus Ceantair Thuaithe, um Iascach agus Gnóthaí Muirí, um Rathúnas agus um Shlándáil (‘an Ciste’). Ba cheart an Ciste a chur chun feidhme trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (‘Pleananna CNR’) agus trí Shaoráid an Aontais (‘an tSaoráid’), arb é is aidhm dóibh solúbthacht a mhéadú, freastal ar ghéarchéimeanna gan choinne agus idirghabhálacha a mhaoiniú lena gcomhlánaítear agus lena dtreisítear na Pleananna a éilíonn stiúradh nó comhordú ar leibhéal an Aontais, chomh maith le tacaíocht bheartais fhianaisebhunaithe agus breisíocht chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh.

níos éifeachtaí Chistí an Aontais a fhorbairt, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le grúpáil cistí arna réamh-leithdháileadh go náisiúnta faoin gCiste Eorpach um Chomhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach, um Thalmhaíocht agus Ceantair Thuaithe, um Iascach agus Gnóthaí Muirí, um Rathúnas agus um Shlándáil (‘an Ciste’). Ba cheart an Ciste a chur chun feidhme trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (‘Pleananna CNR’) agus trí Shaoráid an Aontais (‘an tSaoráid’), arb é is aidhm dóibh solúbthacht a mhéadú, freastal ar ghéarchéimeanna gan choinne agus idirghabhálacha a mhaoiniú lena gcomhlánaítear agus lena dtreisítear na Pleananna a éilíonn stiúradh nó comhordú ar leibhéal an Aontais, chomh maith le tacaíocht bheartais fhianaisebhunaithe agus breisíocht chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh. ***Chun ilroinnt nó athnáisiúnú a chosc, ba cheart nádúr Eorpach na gclár a choinneáil sna Pleananna.***

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13b) Cé go bhféadfadh sé go mbeadh gá le solúbthacht ar leibhéal an Aontais chun freagairt do ghéarchéimeanna agus do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, níor cheart lárú iomarcach acmhainní ar leibhéal an Aontais a bheith mar thoradh uirthi. Ba cheart na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte a bheith ar an bpríomhbhealach i gcónaí chun beartais an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Comhbheartas Iascaigh, chun cothromaíocht chríochach, úinéireacht agus seachadadh éifeachtach a áirithiú, i gcomhréir le

prionsabal na coimhdeachta.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) An tacaíocht a thugtar do na Ballstáit, do réigiúin agus do phobail áitiúla chun tosaíochtaí beartais an Aontais a bhaint amach agus uasmhéadú éifeachtúlachta a dhéanamh ar chistiú ón Aontas, ba cheart í a bhaint amach tríd an tacaíocht do bhearta a bhfuil ábharthacht ard Aontais ag baint leo agus a bhfuil baint acu leis na dúshláin is práinní atá roimh an Eoraip. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin trí chúig chuspóir ardleibhéil a shaothrú: rathúnas inbhuanaithe na hEorpa ar fud na réigiún uile; cumais chosanta agus slándáil na hEorpa; tacú le daoine, sochaithe na hEorpa agus múnla sóisialta na hEorpa a neartú; cáilíocht saoil na hEorpa a chothú; an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus a neartú, agus luachanna an Aontais a chaomhnú.	(14) An tacaíocht a thugtar do na Ballstáit, do réigiúin agus do phobail áitiúla chun tosaíochtaí beartais an Aontais a bhaint amach agus uasmhéadú éifeachtúlachta a dhéanamh ar chistiú ón Aontas, ba cheart í a bhaint amach tríd an tacaíocht do bhearta a bhfuil ábharthacht ard Aontais ag baint leo agus a bhfuil baint acu leis na dúshláin is práinní atá roimh an Eoraip. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin trí chúig chuspóir ardleibhéil a shaothrú: rathúnas inbhuanaithe na hEorpa ar fud na réigiún uile; cumais chosanta agus slándáil na hEorpa; tacú le daoine, sochaithe na hEorpa agus múnla sóisialta na hEorpa a neartú; ***tacú le cur chun feidhme CBT agus CBI agus*** cáilíocht saoil na hEorpa a chothú; an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus a neartú, agus luachanna an Aontais a chaomhnú.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) I réimse chumais chosanta agus shlándáil an Aontais, ba cheart bonn tionsclaíoch cosanta agus soghluaisteacht mhíleata an Aontais a threisiú leis na bearta, agus ba cheart ullmhacht an Aontais, brath bagairtí, cosaint agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil fuinnimh agus iompair, agus an fhreagairt ar ghéarchéimeanna a neartú, lena n-	(16) I réimse chumais chosanta agus shlándáil an Aontais, ba cheart bonn tionsclaíoch cosanta agus soghluaisteacht mhíleata an Aontais a threisiú leis na bearta, agus ba cheart ullmhacht an Aontais, brath bagairtí, cosaint agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil fuinnimh agus iompair, agus an fhreagairt ar ghéarchéimeanna a neartú, lena n-

áirítear tríd an gcibearshlándáil a neartú. Ba cheart a áireamh leis sin bearta chun bonneagar dé-úsáide GTE-I a fhorbairt chun gur féidir trúpaí agus trealamh agus ábhar trom a bhogadh ar mórscála ar ghearrfhógra. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na bearta freisin ardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas, lena n-áirítear bearta lánpháirtíochta atá comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] maidir le tacaíocht ón Aontas don tearmann, lena n-áirítear cosaint choimhdeach, cosaint shealadach, an imirce agus an lánpháirtíocht, Rialachán (AE) [...] maidir le tacaíocht ón Aontas do bhainistiú [comhtháite] teorainneacha san Eoraip, lena n-áirítear feidhmiú limistéar Schengen agus an beartas víosaí Eorpach, agus Rialachán (AE) [...] maidir le tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach.

áirítear tríd an gcibearshlándáil a neartú. Ba cheart a áireamh leis sin bearta chun bonneagar dé-úsáide GTE-I a fhorbairt chun gur féidir trúpaí agus trealamh agus ábhar trom a bhogadh ar mórscála ar ghearrfhógra. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na bearta freisin ardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas, lena n-áirítear bearta lánpháirtíochta atá comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] maidir le tacaíocht ón Aontas don tearmann, lena n-áirítear cosaint choimhdeach, cosaint shealadach, an imirce agus an lánpháirtíocht, Rialachán (AE) [...] maidir le tacaíocht ón Aontas do bhainistiú [comhtháite] teorainneacha san Eoraip, lena n-áirítear feidhmiú limistéar Schengen agus an beartas víosaí Eorpach, agus Rialachán (AE) [...] maidir le tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach. ***Chun slándáil an Aontais a áirithiú, ba cheart gné na slándála bia a chuimsiú freisin, go háirithe i ndáil le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), lena n-áirítear cearta ceannasacha agus dlínse na mBallstát ar a limistéir mhuirí a chosaint.***

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Ba cheart tacú le cáilíocht saoil inbhuanaithe an Aontais trí ioncam níos cothroime agus leordhóthanach a áirithiú d'fheirmeoirí agus trína n-iomaíochas fadtéarmach a áirithiú agus trí rannchuidiú le slándáil fhadtéarmach bia. Ba cheart cuspóirí ginearálta an Chiste i ndáil le CBT a shainiú ar leibhéal an Aontais agus ba cheart do na Ballstáit iad a chur chun	(18) Ba cheart tacú le cáilíocht saoil inbhuanaithe an Aontais trí ioncam níos cothroime agus leordhóthanach a áirithiú d'fheirmeoirí***, iascairí agus táirgeoirí dobharshaothraithe*** agus trína n-iomaíochas fadtéarmach a áirithiú agus trí rannchuidiú le slándáil fhadtéarmach bia. Ba cheart cuspóirí ginearálta an Chiste i ndáil le CBT ***agus CBI*** a shainiú ar

feidhme trína bpleananna. Leis na bearta, ba cheart feabhas a chur freisin ar tharraingteacht agus caighdeáin mhaireachtála na gceantar tuaithe agus ar dhálaí oibre cothroma agus ba cheart athnuachan ó ghlúin go glúin a chothú; feabhas a chur ar ullmhacht agus ar chumas feirmeoirí déileáil le géarchéimeanna agus rioscaí, an rochtain ar eolas agus ar an nuálaíocht a fheabhsú agus dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach le haghaidh earnáil agraibhia rathúil. Leis na bearta, ba cheart tacú le hinbhuanaitheacht, iomaíochas agus athléimneacht iascaigh an Aontais agus earnáil dobharshaothraithe an Aontais, borradh a chur faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe iomaíoch i limistéir chósta, oileánacha agus intíre, deiseanna socheacnamaíocha agus athléimneacht na bpobal áitiúil a fheabhsú agus rialachas láidir aigéan i ngach gné a áirithiú, mar aon le haigéan atá ***sábháilte***, slán, glan agus a bhainistítear go hinbhuanaithe. Ba cheart feabhas gníomhach a chur ar an ngníomhú ar son na haeráide trí laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur chun cinn, trí thacú le hiarrachtaí maolaithe, agus trí oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide a éascú. Leis na bearta, ba cheart feabhas a chur ar an ngníomhú ar son na haeráide agus ar sholáthar seirbhísí éiceachórais, lena dtacófaí le bainistiú agus athléimneacht éifeachtúil uisce, lena neartófaí an fhorbairt inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil, agus lena bhfeabhsófaí caomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta agus na n-acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear an ithir, agus leas ainmhithe. Chun na tionchair dhearfacha atá ag feirmeoirí ar an aeráid a aithint agus chun a rochtain ar dhreasachtaí deonacha margadhbhunaithe a éascú, leanann an Coimisiún agus na Ballstáit de bheith ag obair ar mhodheolaíocht aistrithe carbóin a fhorbairt agus meastachán a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaintear amach le CBT.

leibhéal an Aontais agus ba cheart do na Ballstáit iad a chur chun feidhme trína bpleananna. Leis na bearta, ba cheart feabhas a chur freisin ar tharraingteacht agus caighdeáin mhaireachtála na gceantar tuaithe ***agus chósta*** agus ar dhálaí oibre cothroma agus ba cheart athnuachan ó ghlúin go glúin a chothú; feabhas a chur ar ullmhacht agus ar chumas feirmeoirí ***, iascairí agus táirgeoirí dobharshaothraithe*** déileáil le géarchéimeanna agus rioscaí, an rochtain ar eolas agus ar an nuálaíocht a fheabhsú agus dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach le haghaidh earnáil agraibhia rathúil. Leis na bearta, ba cheart tacú le hinbhuanaitheacht, iomaíochas agus athléimneacht iascaigh an Aontais agus earnáil dobharshaothraithe an Aontais, ***athnuachan ó ghlúin go glúin a chothú,*** borradh a chur faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe agus iomaíoch i limistéir chósta, oileánacha agus intíre ***agus sna réigiúin is forimeallaí***, deiseanna socheacnamaíocha agus athléimneacht na bpobal áitiúil a fheabhsú agus rialachas láidir aigéan i ngach gné a áirithiú, ***chomh maith le tacú le cónaitheacht shábháilte agus fheabhsaithe ar bord, dícharbónú, nuachóiriú agus athnuachan cabhlaigh, agus*** le haigéan atá sábháilte, slán, glan***, sláintiúil*** agus a bhainistítear go hinbhuanaithe. Ba cheart ***dóibh tacú freisin le hidirghabhálacha arb é is aidhm dóibh beartais an Aontais a chomhordú chun cosaint níos fearr a thabhairt don aigéan, geilleagar gorm rathúil a chur chun cinn agus tacú le folláine na ndaoine atá ina gcónaí i limistéir chósta. Ba cheart*** feabhas gníomhach a chur ar an ngníomhú ar son na haeráide ***freisin*** trí laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur chun cinn, trí thacú le hiarrachtaí maolaithe, agus trí oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide a éascú. Leis na bearta, ba cheart feabhas a chur ar an ngníomhú ar son na haeráide agus ar sholáthar seirbhísí éiceachórais, lena dtacófaí le bainistiú agus athléimneacht éifeachtúil uisce, ***lena***

ndíothaítear truailliú muirí agus truailliú ó fhoinsí ar talamh, lena neartófaí an fhorbairt inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil, agus lena bhfeabhsófaí caomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta agus na n-acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear ***uisce agus*** ithir, agus lena gcuirtear feabhas ar leas ainmhithe. Chun na tionchair dhearfacha atá ag feirmeoirí ar an aeráid a aithint agus chun a rochtain ar dhreasachtaí deonacha margadhbhunaithe a éascú, leanann an Coimisiún agus na Ballstáit de bheith ag obair ar mhodheolaíocht aistrithe carbóin a fhorbairt agus meastachán a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaintear amach le CBT.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Leis na Pleananna CNR, ba cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscadal nuálach atá dírithe ar pháirtithe leasmhara agus a rannchuidíonn le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, agus ar an gcaoi sin athléimneacht agus ceannaireacht chomhshaoil agus aeráide an Aontais a fheabhsú, agus acmhainní nádúrtha agus bithéagsúlacht an Aontais, ar bonn taca iad faoinár bhfolláine agus faoinár rathúnas, á gcaomhnú an tráth céanna, agus na Pleananna sin ag cur le taithí an chláir LIFE.	(19) Leis na Pleananna CNR, ba cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscadal nuálach atá dírithe ar pháirtithe leasmhara agus a rannchuidíonn le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, ***trí rannpháirtíocht fhóinteach grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara a chur chun cinn agus a éascú le linn pleananna a dhearadh, a chur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar phleananna, lena n-áirítear trí bhíthin rannpháirtíocht comhpháirtithe agus comhlachais ábhartha comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear iascairí ar mionscála agus áineasa agus gnólachtaí nuálacha, agus ar an gcaoi sin éagsúlacht cur chuige nuálach a chur chun cinn, lena dtreiseofar rannpháirtíocht an phobail, muinín idir páirtithe leasmhara éagsúla, agus úinéireacht*** agus ar an gcaoi sin

athléimneacht agus ceannaireacht chomhshaoil agus aeráide an Aontais a fheabhsú, agus acmhainní nádúrtha an Aontais, ***lena n-áirítear a phobail éisc,*** agus bithéagsúlacht, ar bonn taca iad faoinár bhfolláine agus faoinár rathúnas, á gcaomhnú an tráth céanna, agus na Pleananna sin ag cur le taithí an chláir LIFE.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ba cheart an Ciste a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX [Rialachán feidhmíochta] lena leagtar síos na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, ***lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú gur go haonfhoirmeach a dhéanfar an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus prionsabal an chomhionannais inscne a chur i bhfeidhm, prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach,*** rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht clár agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, agus forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais, amhail rialacha maidir le faisnéis, le cumarsáid agus le hinfheictheacht. Leis an gCiste, ba cheart inrochtaineacht a áirithiú, agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Leis an gCiste, níor cheart tacú le gníomhaíochtaí lena rannchuidítear	(26) Ba cheart an Ciste a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX [Rialachán feidhmíochta] lena leagtar síos na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht clár agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, agus forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais, amhail rialacha maidir le faisnéis, le cumarsáid agus le hinfheictheacht. Leis an gCiste, ba cheart inrochtaineacht a áirithiú, agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Leis an gCiste, níor cheart tacú le gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le hidirdheighilt, idirdhealú nó eisiamh d'aon chineál, lena n-áirítear pobail a ndéantar ciníochú orthu amhail na Romaigh, agus, nuair a mhaoinítear bonneagar leo, ba cheart inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú.

le hidirdheighilt, idirdhealú nó eisiamh d'aon chineál, lena n-áirítear pobail a ndéantar ciníochú orthu amhail na Romaigh, agus, nuair a mhaoinítear bonneagar leo, ba cheart inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ba cheart do gach Ballstát Plean CNR a chur faoi bhráid an Choimisiúin, mar riail ghinearálta, faoin 31 Eanáir 2028 ionas gur féidir é a bhreithniú go cúramach agus go tráthúil. Chun cur chun feidhme tapa an Chiste a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dréachtphlean CNR a chur isteach ó mhí an Mheithimh 2027 ar aghaidh. Ba cheart do na Ballstáit na Pleananna CNR a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe eacnamaíocha, sóisialta ***agus tuaithe***, ***eagraíochtaí*** sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta agus leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na Pleananna CNR a dhearadh i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus ba cheart iad a ullmhú i gcomhréir leis an teimpléad arna sholáthar agus arna chur ar fáil go poiblí tar éis don Chomhairle iad a ghlacadh ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin agus an togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle. I gcomhréir leis na socruithe atá ann faoi láthair, ***beidh an deis ag*** na Ballstáit caibidlí réigiúnacha agus críochacha a áireamh ina bPlean CNR agus ba cheart a cheangal orthu a áirithiú go bhfaighidh na húdaráis bhainistíochta réigiúnacha íocaíochtaí tráthrialta, bunaithe ar dhul chun cinn a mbeart lena mbaineann, agus méid atá coibhéiseach ar	(29) Ba cheart do gach Ballstát Plean CNR a chur faoi bhráid an Choimisiúin, mar riail ghinearálta, faoin 31 Eanáir 2028 ionas gur féidir é a bhreithniú go cúramach agus go tráthúil. Chun cur chun feidhme tapa an Chiste a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dréachtphlean CNR a chur isteach ó mhí an Mheithimh 2027 ar aghaidh. Ba cheart do na Ballstáit na Pleananna CNR a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe eacnamaíocha, sóisialta***,*** tuaithe***, iascaigh, dobharshaothraithe, pobail cósta agus oileáin*** agus eagraíochtaí sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta agus leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na Pleananna CNR a dhearadh i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus ba cheart iad a ullmhú i gcomhréir leis an teimpléad arna sholáthar agus arna chur ar fáil go poiblí tar éis don Chomhairle iad a ghlacadh ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin agus an togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle. I gcomhréir leis na socruithe atá ann faoi láthair, ***ba cheart*** do na Ballstáit caibidlí réigiúnacha agus críochacha a áireamh ina bPlean CNR ***i gcomhréir lena gcreataí institiúideacha*** agus ba cheart a cheangal orthu a áirithiú go bhfaighidh na húdaráis bhainistíochta réigiúnacha íocaíochtaí

a laghad lena ranníocaíocht ón Aontas faoi dheireadh na tréimhse, faoi réir ceartuithe a d'fhéadfadh teacht as cur chun feidhme a gcaibidle nó a gcaibidlí lena mbaineann. Chun rialachas éifeachtach an Phlean CNR a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit coistí faireacháin a chur ar bun le haghaidh na gcaibidlí agus coiste comhordaithe a bhunú ar leibhéal an Phlean CNR.

tráthrialta, bunaithe ar dhul chun cinn a mbeart faoi seach, agus méid atá coibhéiseach ar a laghad lena ranníocaíocht ón Aontas faoi dheireadh na tréimhse, faoi réir ceartuithe a d'fhéadfadh teacht as cur chun feidhme a gcaibidle nó a gcaibidlí faoi seach. Chun rialachas éifeachtach an Phlean CNR a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit coistí faireacháin a chur ar bun le haghaidh na gcaibidlí agus coiste comhordaithe a bhunú ar leibhéal an Phlean CNR.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Chun an úinéireacht náisiúnta a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit ar mian leo tacaíocht a fháil Pleananna CNR a bhfuil réasúnú agus bunús cuí leo a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart a shonrú sna Pleananna CNR conas a rannchuidíonn sé go cuimsitheach le cuspóirí uile an Chiste, agus dúshláin shonracha náisiúnta, réigiúnacha agus chríochacha an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh. Ba cheart a áireamh ann freisin míniú ar an gcaoi a rannchuidíonn sé le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin thírshonracha ábhartha arna sainaithint, inter alia, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus doiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún a bhaineann leis na cuspóirí a dtacaíonn an Ciste leo, agus ar an gcaoi a rannchuidíonn sé le comhlánú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe trí athchóirithe, infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile lena mbaineann gné thrasteorann, thrasnáisiúnta nó ilnáisiúnta a chur san áireamh. Chun iomaíochas an Aontais a neartú in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus a áirithiú san am céanna nach gcuirfear an	(30) Chun an úinéireacht náisiúnta a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit ar mian leo tacaíocht a fháil Pleananna CNR a bhfuil réasúnú agus bunús cuí leo a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart a shonrú sna Pleananna CNR conas a rannchuidíonn sé go cuimsitheach le cuspóirí uile an Chiste, agus dúshláin shonracha náisiúnta, réigiúnacha agus chríochacha an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh. Ba cheart a áireamh ann freisin míniú ar an gcaoi a rannchuidíonn sé le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin thírshonracha ábhartha arna sainaithint, inter alia, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus doiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún a bhaineann leis na cuspóirí a dtacaíonn an Ciste leo, agus ar an gcaoi a rannchuidíonn sé le comhlánú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe trí athchóirithe, infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile lena mbaineann gné thrasteorann, thrasnáisiúnta nó ilnáisiúnta a chur san áireamh. Chun iomaíochas an Aontais a neartú in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus a áirithiú san am céanna nach gcuirfear an

cothrom iomaíochta i mbaol, ba cheart tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta a áireamh sna Pleananna CNR, go háirithe Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) lena ndírítear ar thaighde, ar fhorbairt, ar nuálaíocht nó ar an gcéad chur in úsáid tionsclaíoch nó ar bhonneagar tábhachtach atá oscailte lena úsáid ag tríú páirtithe a thógáil, agus na hanailísí dá bhforáiltear sa Tuarascáil Bhliantúil is déanaí maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas á gcur san áireamh go háirithe. Ba cheart do na Ballstáit acmhainní a dhíriú faoina bPleananna ar éagothromaíochtaí eacnamaíocha sóisialta agus críochacha a laghdú, go háirithe ***i*** réigiúin bheagfhorbartha. Ba cheart dóibh tacú freisin leis an athnuachan ó ghlúin go glúin, le bearta sóisialta agus le táirgeadh rathúil iascaigh agus dobharshaothraithe.	cothrom iomaíochta i mbaol, ba cheart tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta a áireamh sna Pleananna CNR, go háirithe Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) lena ndírítear ar thaighde, ar fhorbairt, ar nuálaíocht nó ar an gcéad chur in úsáid tionsclaíoch nó ar bhonneagar tábhachtach atá oscailte lena úsáid ag tríú páirtithe a thógáil, agus na hanailísí dá bhforáiltear sa Tuarascáil Bhliantúil is déanaí maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas á gcur san áireamh go háirithe. Ba cheart do na Ballstáit acmhainní a dhíriú faoina bPleananna ar éagothromaíochtaí eacnamaíocha sóisialta agus críochacha a laghdú, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha ***agus sna réigiúin is forimeallaí***. Ba cheart dóibh tacú freisin le hathnuachan ó ghlúin go glúin agus le bearta sóisialta agus le ***pobail chósta,*** táirgeadh iascaigh agus dobharshaothraithe.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Leis an bPlean ba cheart comhlántacht agus sineirgí a áirithiú idir bearta éagsúla lena dtacaítear le réimsí éagsúla beartais agus lena ndírítear ar ghrúpaí éagsúla tairbhithe. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin chun freagairt chuimsitheach bheartais a chur ar fáil chun limistéir thuaithe agus chósta rathúla a fhorbairt agus chun earnálacha bríomhara talmhaíochta ***agus*** iascaigh a áirithiú. Moltar do na Ballstáit, go háirithe, na sineirgí sin a chur chun cinn i ndearadh na mbeart agus na gcaibidlí agus i gcur i bhfeidhm na rátaí cómhaoinithe. Maidir le bearta lena dtacaítear le seirbhísí bunúsacha agus bonneagar i limistéir thuaithe agus chósta agus i ngnólachtaí	(31) Leis an bPlean ba cheart comhlántacht agus sineirgí a áirithiú idir bearta éagsúla lena dtacaítear le réimsí éagsúla beartais agus lena ndírítear ar ghrúpaí éagsúla tairbhithe. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin chun freagairt chuimsitheach bheartais a chur ar fáil chun limistéir thuaithe agus chósta rathúla a fhorbairt agus chun earnálacha bríomhara talmhaíochta***,*** iascaigh ***agus dobharshaothraithe*** a áirithiú. Moltar do na Ballstáit, go háirithe, na sineirgí sin a chur chun cinn i ndearadh na mbeart agus na gcaibidlí agus i gcur i bhfeidhm na rátaí cómhaoinithe. Maidir le bearta lena dtacaítear le seirbhísí bunúsacha agus bonneagar i limistéir thuaithe agus chósta

tuaithe agus cósta, ba cheart do na Ballstáit pleanáil chomhtháite a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag pobail tuaithe agus chósta ar mhaoiniú trí shásraí iomchuí***, lena n-áirítear gníomhaíochtaí beartais agus***; sásraí sonracha agus struchtúir rialachais chun comhordú a dhéanamh ar chlárú agus ar chur chun feidhme beartas de chuid an Aontais, beartas náisiúnta, beartas réigiúnach agus beartas áitiúil, cineálacha cur chuige cistiúcháin atá comhtháite go háitiúil agus go réigiúnach a chlárú, agus comhthéacs sonrach agus acmhainneachtaí na sprioctha**ir**bhithe á gcur san áireamh, agus fothú acmhainneachta a chruthú lena ndíreofar ar na riaracháin agus ar na tairbhithe araon. Ba cheart a leagan amach sa Phlean CNR an tacar mionsonraithe beart agus socruithe chun faireachán a dhéanamh air agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear údaráis an Phlean CNR a bhunú, coiste faireacháin agus comhordaithe a bhunú, costais mheasta na mbeart sin agus an ranníocaíocht náisiúnta agus na bearta náisiúnta chun cáilíocht an rialachais a fheabhsú agus acmhainneacht riaracháin na riarachán poiblí a threisiú. Ba cheart dlúthchomhar idir an Coimisiún, na Ballstáit agus a réigiúin a lorg agus ba cheart é a bhaint amach le linn an phróisis; ba cheart foghlaim agus tástáil beartais a spreagadh.

agus i ngnólachtaí tuaithe agus cósta, ba cheart do na Ballstáit pleanáil chomhtháite a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag pobail tuaithe agus chósta***, go háirithe sna réigiúin is forimeallaí,*** ar mhaoiniú trí shásraí iomchuí***, éifeachtacha agus simplí***; sásraí agus struchtúir rialachais chun clársceidealú agus cur chun feidhme bheartais de chuid an Aontais, beartas náisiúnta, beartas réigiúnach agus beartas áitiúil a chomhordú, cuir chuige cistiúcháin atá comhtháite go háitiúil agus go réigiúnach a chlársceidealú, agus comhthéacs sonrach agus acmhainneachtaí na sprioctha**ir**bhithe ***agus na spriocréigiún*** á gcur san áireamh, agus fothú acmhainneachta a chruthú lena ndíreofar ar na riaracháin agus ar na tairbhithe araon. Ba cheart a leagan amach sa Phlean CNR an tacar mionsonraithe beart agus socruithe chun faireachán a dhéanamh air agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear údaráis an Phlean CNR a bhunú, coiste faireacháin agus comhordaithe a bhunú, costais mheasta na mbeart sin agus an ranníocaíocht náisiúnta agus na bearta náisiúnta chun cáilíocht an rialachais a fheabhsú agus acmhainneacht riaracháin na riarachán poiblí a threisiú. Ba cheart dlúthchomhar idir an Coimisiún, na Ballstáit agus a réigiúin ***agus tairbhithe*** a lorg agus ba cheart é a bhaint amach le linn an phróisis; ba cheart foghlaim agus tástáil beartais a spreagadh.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Chun tionchar agus úinéireacht náisiúnta an chistithe ón Aontas a uasmhéadú agus prionsabail an chothromais agus na dlúthpháirtíochta á gcaomhnú an tráth céanna, ba cheart a léiriú sa ranníocaíocht náisiúnta le costais	(33) Chun tionchar agus úinéireacht náisiúnta an chistithe ón Aontas a uasmhéadú agus prionsabail an chothromais agus na dlúthpháirtíochta á gcaomhnú an tráth céanna, ba cheart a léiriú sa ranníocaíocht náisiúnta le costais

mheasta bhearta éagsúla an Phlean CNR leibhéil éagsúla forbartha eacnamaíche na réigiún i dtéarmaí per capita i ndáil le meán AE-27. Ba cheart measúnú ex ante a dhéanamh ar chomhlíonadh an cheanglais cómhaoinithe sin mar chuid de nós imeachta formheasa an Phlean. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar bhreisíocht na ranníocaíochta ón Aontas thar shaolré an chláir.	mheasta bhearta éagsúla an Phlean CNR leibhéil éagsúla forbartha eacnamaíche na réigiún i dtéarmaí per capita i ndáil le meán AE-27. ***I gcás cistiú do bhearta CBI, is é 30 % a bheidh sa ranníocaíocht náisiúnta, gan beann ar an réigiún ina ndéantar an caiteachas. Mar eisceacht ar an méid thuas, is é 0 % an ráta ranníocaíochta náisiúnta a bheidh ann le haghaidh cúitimh as costais bhreise sna réigiúin is forimeallaí.*** Ba cheart measúnú ex ante a dhéanamh ar chomhlíonadh an cheanglais cómhaoinithe sin mar chuid de nós imeachta formheasa an Phlean. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar bhreisíocht na ranníocaíochta ón Aontas thar shaolré an chláir.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Ba cheart Saoráid AE a bhunú chun cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a chomhlánú. Le Saoráid AE, ba cheart tacú le tionscadail a bhfuil gné thrasnáisiúnta agus breisluach ard Aontais ag baint leo, lena n-éilítear iarrachtaí breise comhordúcháin ar leibhéal an Aontais agus tacaíocht bheartais fhianaisebhunaithe, ar tionscadail iad a rannchuidíonn leis na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart an tSaoráid a bheith ina cuidiú leis na Ballstáit freisin aghaidh a thabhairt go pras ar riachtanais phráinneacha shonracha mar fhreagairt ar ghéarchéim, amhail mórthubaiste nádúrtha náisiúnta nó réigiúnach, agus deisiú agus téarnamh a chothú d'fhonn athléimneacht a mhéadú tar éis géarchéime. Leis an tSaoráid, ba cheart freastal ar éiginnteacht freisin trí sholúbthacht bhreise a sholáthar don Aontas chun oiriúnú do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar leibhéal an Aontais,	(39) Ba cheart Saoráid AE a bhunú chun cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a chomhlánú. Le Saoráid AE, ba cheart tacú le tionscadail a bhfuil gné thrasnáisiúnta agus breisluach ard Aontais ag baint leo***, amhail tionscadail chomhtháite LIFE, lena n-áirítear na cinn lena dtugtar aghaidh ar athléimneacht uisce agus lena dtacaítear le forbairt bonneagair ghoirm agus ghlais atá feidhmiúil ar fud na réigiún***, lena n-éilítear iarrachtaí breise comhordúcháin ar leibhéal an Aontais agus tacaíocht bheartais fhianaisebhunaithe, ar tionscadail iad a rannchuidíonn leis na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart an tSaoráid a bheith ina cuidiú leis na Ballstáit freisin aghaidh a thabhairt go pras ar riachtanais phráinneacha shonracha mar fhreagairt ar ghéarchéim, amhail mórthubaiste nádúrtha náisiúnta nó réigiúnach, agus deisiú agus téarnamh a chothú d'fhonn athléimneacht a mhéadú tar

lena n-éilítear freagairt chomhordaithe. Ar deireadh, ba cheart tacaíocht theicniúil a thabhairt léi do na Ballstáit chun na beartais a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chur chun feidhme go héifeachtach. I gcomhthéacs méaduithe amach anseo, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú gur féidir le creat reachtach agus buiséadach an Aontais freastal go héifeachtach freisin ar thacaíocht d'aontachas Ballstát nua. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart an deis a bheith ag an tSaoráid dul i muinín bainistíocht chomhroinnte, dhíreach nó indíreach ag brath ar an gcineál birt agus ar an gcur chuige is éifeachtaí.

éis géarchéime. Leis an tSaoráid, ba cheart freastal ar éiginnteacht freisin trí sholúbthacht bhreise a sholáthar don Aontas chun oiriúnú do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar leibhéal an Aontais, lena n-éilítear freagairt chomhordaithe. Ar deireadh, ba cheart tacaíocht theicniúil a thabhairt léi do na Ballstáit chun na beartais a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chur chun feidhme go héifeachtach. I gcomhthéacs méaduithe amach anseo, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú gur féidir le creat reachtach agus buiséadach an Aontais freastal go héifeachtach freisin ar thacaíocht d'aontachas Ballstát nua. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart an deis a bheith ag an tSaoráid dul i muinín bainistíocht chomhroinnte, dhíreach nó indíreach ag brath ar an gcineál birt agus ar an gcur chuige is éifeachtaí.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 41 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(41a) Ba cheart Líontán Sábhála Iascaigh a bhunú chun margaí iascaigh agus dobharshaothraithe a chobhsú le linn suaitheadh sa mhargadh. Ba cheart é a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar thréimhsí agus ar bhagairtí míchothromaíochta ar an margadh, a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus ar chostais ionchur sa mhargadh inmheánach ina iomláine nó i gcuid de. Chun uathriail straitéiseach an Aontais maidir le soláthar bia a chosaint agus chun slándáil bia a áirithiú, ba cheart a chur san áireamh sa chistiú a leithdháiltear le haghaidh tacaíocht mhargaidh tríd an Líontán Sábhála Iascaigh éiginnteachtaí méadaitheacha i margaí iascaigh.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Leis an gComhbheartas Iascaigh agus le beartas muirí an Aontais, ba cheart rannchuidiú le hiascach inbhuanaithe agus le caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, le haghaidh na hathnuachana ó ghlúin go glúin agus aistriú fuinnimh ***iascaigh***, gníomhaíochtaí dobharshaothraithe ***inbhuanaithe***, agus próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, geilleagar gorm inbhuanaithe i limistéir chósta, oileánacha agus intíre, eolas muirí, oiliúint maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngeilleagar gorm, athléimneacht na bpobal cósta agus go háirithe iascaireacht chósta ar mionscála, neartú rialachas agus fhaire idirnáisiúnta na n-aigéan agus é a dhéanamh indéanta go mbeadh na farraigí agus an t-aigéan sábháilte, slán agus glan agus go ndéanfaí bainistiú inbhuanaithe orthu.	(46) Leis an gComhbheartas Iascaigh agus le beartas muirí an Aontais, ba cheart rannchuidiú le hiascach agus ***dobharshaothrú*** inbhuanaithe***, arna mbainistiú ar bhealach ata comhsheasmhach leis na cuspóirí maidir le tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach,*** le caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, ***le bainistiú inbhuanaithe stoc éisc, tacú le hiascaireacht chósta ar mionscála,*** le hathnuachana ó ghlúin go glúin agus aistriú fuinnimh ***an iascaigh*** agus gníomhaíochtaí dobharshaothraithe, ***, nuachóiriú, dícharbónú agus athnuachan an chabhlaigh iascaireachta***, agus próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, ***agus cur chun cinn a dtomhaltas***, geilleagar gorm inbhuanaithe i limistéir chósta, oileánacha***, sna réigiúin is forimeallaí,*** agus i limistéir intíre, eolas muirí, oiliúint maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngeilleagar gorm, athléimneacht na bpobal cósta agus go háirithe iascaireacht chósta ar mionscála, neartú rialachas agus breathnóireacht idirnáisiúnta na n-aigéan agus é a dhéanamh indéanta go mbeadh na farraigí agus an t-aigéan sábháilte, slán, glan***, sláintiúil*** agus go ndéanfaí bainistiú inbhuanaithe orthu***.***

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(46a) Ba cheart go rachadh cistiú don iascach agus don dobharshaothrú chun tairbhe do ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus táirgiúla na n-earnálacha sin agus ba cheart é a úsáid chun cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, níor cheart cistiú a úsáidtear le haghaidh rialú iascaigh, bailiú sonraí, comhairle eolaíoch agus cúnamh teicniúil a bhaint as an méid imfhálaithe faoi bhainistiú comhroinnte.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(46b) Cé gurb ionann iad agus 76 % de chabhlach iascaireachta an Aontais, bíonn deacrachtaí móra ag iascairí ar mionscála rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, tacaíocht riaracháin thiomnaithe d'iascairí ar mionscála a fhorbairt d'fhonn comhtháthú sóisialta agus críochach a fheabhsú agus d'fhonn tacú le rochtain na n-oibreoirí sin ar chistiú ón Aontas.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Bíonn dúshláin ar leith a bhaineann leis an iargúltacht, an topagrafaíocht agus an aeráid dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE roimh na réigiúin is forimeallaí, agus tá sócmhainní ar leith acu freisin, go háirithe chun geilleagar gorm a fhorbairt. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann bearta a áireamh chun tacú le gach réigiún is forimeallaí ina bplean CNR chun foráil a dhéanamh maidir lena	(47) Bíonn dúshláin ar leith a bhaineann leis an iargúltacht, an topagrafaíocht agus an aeráid dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE roimh na réigiúin is forimeallaí, agus tá sócmhainní ar leith acu freisin, go háirithe chun geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann bearta a áireamh chun tacú le gach réigiún is forimeallaí ina bplean CNR**,** chun foráil

riachtanais agus lena ndúshláin shonracha amhail slándáil bia, tithíocht, ***iompar***, bainistiú uisce agus dramhaíola, fuinneamh, oideachas agus scileanna, imirce, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil, rochtain ar chúram sláinte, fuinneamh, iompar agus nascacht dhigiteach agus forbairt eacnamaíoch, lena n-áirítear geilleagar gorm inbhuanaithe éagsúlaithe.

a dhéanamh maidir lena riachtanais agus lena ndúshláin shonracha amhail slándáil bia, tithíocht, ***inrochtaineacht***, iompar, bainistiú uisce agus dramhaíola, fuinneamh, oideachas agus scileanna, imirce, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil, rochtain ar chúram sláinte, fuinneamh, iompar agus nascacht dhigiteach agus forbairt eacnamaíoch, lena n-áirítear ***iascach, dobharshaothrú agus*** geilleagar gorm inbhuanaithe agus éagsúlaithe. ***Áiritheofar bearta maidir le hiascach i Rialachán XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme don Chomhbheartas Iascaigh agus don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan]. Chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a eascraíonn as cineál is forimeallaí na réigiún sin, ba cheart do na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh i réimse an iascaigh agus an dobharshaothraithe mar chuid dá bPleananna Náisiúnta, trí Chlár tiomnaithe atá múnlaithe ar Rialachán Uimh. 228/2013 an 13 Márta 2013.***

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Ba cheart a áireamh leis na bearta tacaíocht chun soláthar táirgí atá fíor-riachtanach do thomhaltas an duine nó don phróiseáil agus mar ionchuir talmhaíochta trí na costais bhreise a thabhaítear mar gheall ar a bhfíor-iargúltacht agus/nó a n-oileánachas a mhaolú, gan dochar a dhéanamh don táirgeadh áitiúil agus d'fhás an táirgthe sin. Ba cheart a áireamh leis na bearta freisin tacaíocht chun todhchaí fhadtéarmach agus forbairt na	(48) Ba cheart a áireamh leis na bearta tacaíocht chun soláthar táirgí atá fíor-riachtanach do thomhaltas an duine nó don phróiseáil agus mar ionchuir talmhaíochta***, dobharshaothraithe agus iascaigh*** trí na costais bhreise a thabhaítear mar gheall ar a bhfíor-iargúltacht agus/nó a n-oileánachas a mhaolú, gan dochar a dhéanamh don táirgeadh áitiúil agus d'fhás an táirgthe sin. Ba cheart a áireamh leis na bearta freisin tacaíocht chun todhchaí fhadtéarmach agus

talmhaíochta, an iascaigh agus an dobharshaothraithe a áirithiú, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil, margú agus díol barr áitiúil agus táirgí áitiúla, agus éagsúlú an táirgthe bia, agus béim ar leith á leagan ar an tslándáil bia agus ar an neamhthuilleamaíocht, agus a n-iomaíochas a choinneáil ar bun agus a neartú. Ina theannta sin, ba cheart a áireamh leis na bearta tacaíocht, lena n-áirítear cúitimh, do shocruithe soláthair sonracha don talmhaíocht, tacaíocht do tháirgeadh agus do phróiseáil áitiúil talmhaíochta, agus cúnamh a thabhairt do tháirgeadh, próiseáil agus margaíocht iascaigh agus dobharshaothraithe áitiúil, agus tacaíocht chun iompar, fuinneamh agus nascacht dhigiteach a fheabhsú. ***Ba cheart do*** na Ballstáit ***a bheith in ann*** maoiniú breise a dheonú chun an tacaíocht sin a chur chun feidhme. Mar Státchabhair, ba cheart maoiniú den sórt sin a chur in iúl don Choimisiún, agus féadfaidh an Coimisiún é a fhormheas faoin Rialachán seo mar chuid den tacaíocht sin.

forbairt na talmhaíochta, an iascaigh agus an dobharshaothraithe a áirithiú, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil, margú agus díol barr áitiúil agus táirgí áitiúla, agus éagsúlú an táirgthe bia, agus béim ar leith á leagan ar an tslándáil bia agus ar an neamhthuilleamaíocht, agus a n-iomaíochas a choinneáil ar bun agus a neartú. Ina theannta sin, ba cheart a áireamh leis na bearta tacaíocht, lena n-áirítear cúitimh, do shocruithe soláthair sonracha don talmhaíocht, tacaíocht do tháirgeadh agus do phróiseáil áitiúil talmhaíochta, agus cúnamh a thabhairt do tháirgeadh, próiseáil agus margaíocht iascaigh agus dobharshaothraithe áitiúil, agus tacaíocht chun ***inrochtaineacht,*** iompar, fuinneamh agus nascacht dhigiteach a fheabhsú. ***Ba cheart do*** na Ballstáit maoiniú breise a dheonú chun an tacaíocht sin a chur chun feidhme. Mar Státchabhair, ba cheart maoiniú den sórt sin a chur in iúl don Choimisiún, agus féadfaidh an Coimisiún é a fhormheas faoin Rialachán seo mar chuid den tacaíocht sin.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(48a) Is sócmhainní straitéiseacha don Aontas Eorpach iad na réigiúin is forimeallaí agus na tíortha agus na críocha thar lear, i bhfianaise a suímh gheografaigh lena gcumhdaítear gach aigéan. Gineann siad breisluach suntasach don Aontas freisin, go háirithe i réimsí eacnamaíocha agus cosanta. Tá sé tábhachtach go méadófar an infheistíocht i mbonneagar dé-úsáide, amhail calafoirt, aerfoirt agus saoráidí spáis, a chuireann go mór le nascacht agus éifeachtacht oibríochtúil an Aontais.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(49) Chun aghaidh a thabhairt ar choinníollacha sonracha an Chomhbheartais Iascaigh dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus chun rannchuidiú le comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, ba cheart forálacha sonracha a leagan síos maidir leis na rialacha i dtaca le briseadh, fionraí agus ceartuithe airgeadais. I gcás nach gcomhlíonann Ballstát na hoibleagáidí a cuireadh air faoin gComhbheartas Iascaigh, nó i gcás ina bhfuil fianaise ag an gCoimisiún a thugann le fios nach bhfuiltear ag comhlíonadh na n-oibleagáidí, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún, mar bheart réamhchúraim, sprioc-amanna íocaíochta a bhriseadh. Chomh maith le bheith in ann an sprioc-am íocaíochta a bhriseadh, agus chun an riosca go n-íocfaí caiteachas neamh-incháilithe amach a sheachaint, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún íocaíochtaí a chur ar fionraí agus ceartuithe airgeadais a fhorchur i gcásanna nach gcomhlíonann Ballstát rialacha an Chomhbheartais Iascaigh ar bhealach tromchúiseach.	***scriosta***

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe a – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) ionstraimí le haghaidh an chomhbheartais iascaigh;	(iii) ionstraimí le haghaidh an chomhbheartais iascaigh ***(CBI)***;

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Agus é d'aidhm fhoriomlán ag an gCiste comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, forbairt inbhuanaithe agus iomaíochas an Aontais, agus slándáil agus ullmhacht an Aontais a chur chun cinn, tacóidh sé leis na cuspóirí ginearálta seo a leanas:	1. Agus é d'aidhm fhoriomlán ag an gCiste comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, forbairt inbhuanaithe***,*** ***bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha*** agus iomaíochas an Aontais, agus slándáil agus ullmhacht an Aontais a chur chun cinn, tacóidh sé leis na cuspóirí ginearálta seo a leanas:

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) míchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú agus comhar críochach Eorpach a chur chun cinn i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal XVIII CFAE, lena n-áirítear tacú le tionscadail ***i réimse an*** chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair iompair i gcomhréir le hAirteagal 177(2) CFAE ('Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe');	(a) míchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla ***agus na réigiún is forimeallaí*** a laghdú***,*** agus comhar críochach Eorpach a chur chun cinn i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal XVIII CFAE, lena n-áirítear tacú le tionscadail ***lena rannchuidítear le cosaint agus feabhsú*** an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair iompair i gcomhréir le hAirteagal 177(2) CFAE ('Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe');

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) tacú le cur chun feidhme chomhbheartas iascaigh an Aontais i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal III CFAE;	(d) tacú le cur chun feidhme chomhbheartas iascaigh an Aontais i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal III CFAE***,***

	agus sainiúlachtaí na réigiúin is forimeallaí á dtabhairt san áireamh;

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) rannchuidiú le bainistiú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara agus leis na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil mar a leagtar amach in Airteagal 11 CFAE;

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) tarraingteacht na gcríoch a chothú chun tacú leis an gceart fanachta, lena n-áirítear trí straitéisí chun forbairt chomhtháite a dhéanamh ar limistéir uirbeacha ***agus*** thuaithe, lena n-áirítear tacaíocht do sheirbhísí críochacha agus do bhonneagar críochach;	(i) tarraingteacht na gcríoch a chothú chun tacú leis an gceart fanachta, lena n-áirítear trí straitéisí chun forbairt chomhtháite a dhéanamh ar limistéir uirbeacha ***,*** thuaithe***, chósta, oileánacha, na réigiúin is forimeallaí agus na limistéir uisce intíre***, lena n-áirítear ***limistéir a bhfuil spleáchas socheacnamaíoch níos mó acu ar an iascach agus ar an dobharshaothrú, lena n-áiríthítear*** tacaíocht do sheirbhísí críochacha agus do bhonneagar críochach ***lena n-áirítear an bonneagar ábhartha geilleagair ghoirm, iascaigh agus dobharshaothraithe, deiseanna socheacnamaíocha agus athléimneacht na bpobal áitiúil a fheabhsú agus rialachas láidir na n-aigéan i ngach gné a áirithiú, le haigéin atá sábháilte, glan agus a bhainistítear go hinbhuanaithe***;

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe x

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(x) tacú le bainistiú, cáilíocht agus athléimneacht éifeachtúil uisce, cosaint an chomhshaoil, oiriúnú don athrú aeráide, agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, an bhithéagsúlacht, cáilíocht na hithreach agus acmhainní nádúrtha a fheabhsú, ciorclaíocht, an bithgheilleagar agus éifeachtúlacht acmhainní níos leithne a chur chun cinn, cosc ar thruailliú agus rialú agus feabhsú truaillithe a neartú, an dúlra a chaomhnú agus a athbhunú, agus an bhithéagsúlacht agus na hacmhainní nádúrtha a fheabhsú, chomh maith le réitigh Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha.	(x) tacú le bainistiú, cáilíocht agus athléimneacht éifeachtúil uisce, cosaint an chomhshaoil, oiriúnú don athrú aeráide, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht***, lena n-áirítear bithéagsúlacht mhuirí agus caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe éiceachóras muirí agus acmhainní bitheolaíocha na mara***, cáilíocht na hithreach agus acmhainní nádúrtha, agus ciorclaíocht, an bithgheilleagar agus éifeachtúlacht acmhainní níos leithne a chur chun cinn, cosc ar thruailliú agus rialú agus feabhsúchán truaillithe a neartú, an dúlra a chaomhnú agus a athbhunú, agus an bhithéagsúlacht agus na hacmhainní nádúrtha a fheabhsú, chomh maith le réitigh Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b – mír 1– pointe iii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iiia) rannchuidiú le slándáil fhadtéarmach bia an Aontais, go háirithe tríd an spleáchas ar allmhairiú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a laghdú agus trí bhainistiú inbhuanaithe stoc éisc a áirithiú;

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe c – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(ii) soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an oideachas agus ar shealbhú scileanna ar feadh an tsaoil, go háirithe trí uas-sciliú agus athsciliú a chur chun cinn;	(ii) soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an oideachas agus ar shealbhú scileanna ar feadh an tsaoil, go háirithe trí uas-sciliú agus athsciliú a chur chun cinn***, lena n-áirítear tacú le hathnuachan ó ghlúin go glúin sna hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe***;

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) an cháilíocht saoil san Aontas a chothú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:	(d) ***tacú le cur chun feidhme CBT agus CBI agus*** an cháilíocht saoil san Aontas a chothú;

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) tacú le hioncam níos cothroime agus leordhóthanach d'fheirmeoirí agus tacú lena n-iomaíochas fadtéarmach, lena n-áirítear seasamh ***na bhfeirmeoirí*** sa slabhra luacha;	(i) tacú le hioncam níos cothroime agus leordhóthanach d'fheirmeoirí ***chomh maith le hiascairí*** agus tacú lena n-iomaíochas ***agus cumas tuillimh*** fadtéarmach, lena n-áirítear ***a*** seasamh sa slabhra luacha;

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) rannchuidiú le slándáil fhadtéarmach bia;	(ii) rannchuidiú le slándáil fhadtéarmach bia ***agus biafhlaitheas, lena n-áirítear trí chaomhnú agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, éiceachórais shláintiúla agus***

	acmhainneacht atáirgthe speiceas a áirithiú, stoic a atógáil, tacú le táirgeoirí ar mionscála agus le slabhraí bia gearra, agus spleáchas iomarcach ar allmhairí táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a laghdú;

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d – pointe iv

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iv) inbhuanaitheacht, iomaíochas agus athléimneacht iascaigh an Aontais agus earnáil dobharshaothraithe an Aontais a áirithiú, borradh a chur faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe iomaíoch i limistéir chósta, oileánacha ***agus*** intíre, deiseanna socheacnamaíocha agus athléimneacht na bpobal áitiúil a fheabhsú agus rialachas láidir aigéan i ngach gné a áirithiú, mar aon le haigéan atá sábháilte, slán, glan agus a bhainistítear go hinbhuanaithe;	(iv) inbhuanaitheacht, iomaíochas agus athléimneacht iascaigh an Aontais agus earnáil dobharshaothraithe an Aontais a áirithiú, ***lena n-áirítear iascaigh ar mionscála, ísealtionchair, chósta agus intíre, tacú le hathnuachan ó ghlúin go glúin, dálaí oibre, sábháilteachta agusináitritheachta a fheabhsú, tacú le dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh, athnuachan cabhlaigh, nuachóiriú agus nuálaíocht, roghnaíocht, calafoirt iascaigh a neartú, áiteanna cur i dtír, bonneagar céad-díola, stórála, próiseála agus margaíochta,*** borradh a chur faoin ***ngeilleagar gorm*** inbhuanaithe ***agus*** iomaíoch***, lena n-áirítear geilleagar gorm athghiniúnach*** i limistéir chósta, oileánacha ***,*** intíre ***agus sna réigiúin is forimeallaí***, deiseanna socheacnamaíocha agus athléimneacht na bpobal áitiúil a fheabhsú agus rialachas láidir aigéan i ngach gné a áirithiú, mar aon le haigéan atá sábháilte, slán, glan***, sláintiúil*** agus a bhainistítear go hinbhuanaithe***, lena n-áirítear tríd an gcomhairle eolaíoch agus an rialú iascaigh is fearr atá ar fáil agus tríd an gcomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte***;

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe d – pointe v

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(v) feabhas a chur ar chleachtais inbhuanaithe bainistíochta talmhaíochta ***agus*** foraoiseachta chun gníomhú athléimneach ar son na haeráide a chur chun cinn, seirbhísí iomadúla éiceachórais a sholáthar, tacú le bainistiú, cáilíocht agus athléimneacht éifeachtúil uisce, réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun feidhme, an fhorbairt inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil a neartú, caomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta, na hithreach agus na n-acmhainní nádúrtha, chomh maith le leas ainmhithe, a fheabhsú***.***	(v) feabhas a chur ar chleachtais inbhuanaithe bainistithe talmhaíochta***,*** foraoiseachta ***, iascaigh agus dobharshaothraithe*** chun gníomhú athléimneach ar son na haeráide a chur chun cinn, seirbhísí iomadúla éiceachórais a sholáthar, tacú le bainistiú, cáilíocht agus athléimneacht éifeachtúil uisce, réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun feidhme, an fhorbairt inbhuanaithe a neartú, cosaint an chomhshaoil, caomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta, ***na n-éiceachóras muirí, acmhainní bitheolaíocha na mara,*** na hithreach agus na n-acmhainní nádúrtha, chomh maith le leas ainmhithe, a fheabhsú***;***

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d – pointe v a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(va) rochtain ar an gcistiú atá ar fáil ón Aontas agus ó na Ballstáit a éascú do na tairbhithe incháilithe uile, go háirithe iascairí cósta ar mionscála, oibreoirí dobharshaothraithe agus pobail chósta.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) an smacht reachta a chur chun cinn agus a chaomhnú trí chórais cheartais, creataí frithéillithe, iolrachas na meán, sláine faisnéise, litearthacht sna meáin, agus srianta agus ceartúcháin éifeachtacha a neartú;	(ii) an smacht reachta a chur chun cinn agus a chaomhnú trí chórais cheartais a neartú, ***inter alia trí oiliúint agus modhanna a threisiú d'údaráis a bhíonn ag déileáil le cionta coiriúla a bhaineann le cúrsaí muirí agus iascaigh, trí*** chreataí

	frithéillithe, iolrachas na meán, sláine faisnéise, litearthacht sna meáin, agus srianta agus ceartúcháin éifeachtacha ***a neartú***;

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ciallaíonn 'dlí is infheidhme' dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a bhaineann go díreach lena gcur i bhfeidhm;	(1) ciallaíonn 'dlí is infheidhme' dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta ***agus an dlí idirnáisiúnta*** a bhaineann go díreach lena gcur i bhfeidhm;

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) ciallaíonn 'iascaireacht chósta ar mionscála' gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann:	***scriosta***
(a) soithí iascaireachta muirí agus intíre ar lú ná 12 mhéadar a bhfad iomlán agus nach n-úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle [(28)]; nó	
(b) iascairí de chois, lena n-áirítear bailitheoirí sliogéisc;	

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) ciallaíonn 'iascaire' aon duine nádúrtha ag gabháil do ghníomhaíochtaí	***scriosta***

iascaireachta tráchtála, mar a aithníonn an Ballstát lena mbaineann;

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) ciallaíonn 'iascaireacht' aon duine nádúrtha ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála, mar a aithníonn an Ballstát lena mbaineann;	***scriosta***

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) ciallaíonn 'geilleagar gorm inbhuanaithe' gach gníomhaíocht eacnamaíoch earnála agus trasearnála ar fud an mhargaidh inmheánaigh a bhaineann le haigéin, le mara, le cóstaí agus le huiscí intíre, a chumhdaíonn na réigiúin oileánacha agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus tíortha talamhiata, lena n-áirítear earnálacha atá ag teacht chun cinn agus earraí agus seirbhísí nach mbaineann leis an margadh, a bhfuil sé d'aidhm acu inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch a áirithiú go fadtéarmach agus atá comhsheasmhach leis na SFInna, agus le SFI 14 go háirithe, agus le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais;	***scriosta***

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún		*Leasú*
(29) ciallaíonn 'beartas muirí' beartas an Aontais a bhfuil sé d'aidhm aige cinnteoireacht chomhtháite chomhleanúnach a chothú chun forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta an Aontais a uasmhéadú, go háirithe sna limistéir chósta agus oileánacha agus sna réigiún is forimeallaí, chomh maith le hearnálacha an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe, trí bhíthin beartais chomhtháite a bhaineann le cúrsaí muirí agus trí bhíthin comhar idirnáisiúnta ábhartha;	***scriosta***	

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún		*Leasú*
(30) ciallaíonn 'slándáil mhuirí agus faireachas muirí' gníomhaíochtaí a dhéantar chun tuiscint a fháil ar na heachtraí agus na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an réimse muirí, chun cosc a chur leo i gcás inarb infheidhme agus chun bainistiú cuimsitheach a dhéanamh orthu, ar eachtraí iad agus ar gníomhaíochtaí iad a d'imreodh tionchar ar réimsí na sábháilteachta muirí agus na slándála muirí, an forfheidhmiú dlí, an chosaint, an rialú teorann, cosaint an chomhshaoil mhuirí, an rialú iascaigh, an trádáil agus leas eacnamaíoch an Aontais;	***scriosta***	

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(31) ciallaíonn 'an líonra breathnóireachta agus sonraí muirí Eorpach' nó 'EMODnet' comhpháirtíocht ina gcuirtear sonraí agus meiteashonraí muirí i dtoll a chéile chun gur fusa ag an bpobal agus ag úsáideoirí príobháideacha teacht a bheith acu ar na hacmhainní ilroinnte sin agus iad a úsáid trí shonraí muirí idir-inoibritheacha, comhchuibhithe, ar cháilíocht dhearbhaithe, a chur ar fáil;

scriosta

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún *Leasú*

(32) ciallaíonn 'pleanáil spásúil mhuirí' próiseas trína ndéanann údaráis an Bhallstáit ábhartha anailís ar ghníomhaíochtaí an duine i limistéir mhuirí, agus trína ndéanann siad na gníomhaíochtaí sin a eagrú, chun cuspóirí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach;

scriosta

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún *Leasú*

(33) ciallaíonn 'faire na n-aigéan' bunchloch an eolais mhuirí uile. Is í an bunús leis an tuiscint ar éiceachórais mhuirí agus ar na tosca a mbíonn tionchar acu orthu. Soláthraítear léi sonraí criticiúla le haghaidh réamhaisnéis na haimsire, straitéisí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, faireachán ar theagmhais fhoircneacha, slándáil shibhialta – dálaí farraige, tuilte –, loingseoireacht mhuirí, fuinneamh

scriosta

amach ón gcósta, iascach agus dobharshaothrú, agus níos mó agus níos mó le haghaidh slándála agus cosanta. Cruthaíonn sí an bonn don chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus soláthraíonn sí faisnéis ríthábhachtach faoin tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar shláinte na n-aigéan agus faoi na seirbhísí a chuireann an t-aigéan ar fáil do shochaithe.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir leis an bPlean CNR agus gach caibidil, agus caibidil an Phlean Interreg dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán XX [Forbairt réigiúnach, Plean Interreg], déanfaidh gach Ballstát comhpháirtíocht chuimsitheach a eagrú agus a chur chun feidhme i gcomhréir lena chreat institiúideach agus dlíthiúil agus sainiúlachtaí na gcaibidlí lena mbaineann á gcur san áireamh. Áireofar sa chomhpháirtíocht sin ionadaíocht chothrom ar na comhpháirtithe seo a leanas:	1. Maidir leis an bPlean CNR agus gach caibidil, agus caibidil an Phlean Interreg dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán XX [Forbairt réigiúnach, Plean Interreg], déanfaidh gach Ballstát comhpháirtíocht chuimsitheach ***phoiblí agus thrédhearcach*** a eagrú agus a chur chun feidhme i gcomhréir lena chreat institiúideach agus dlíthiúil agus sainiúlachtaí na gcaibidlí lena mbaineann á gcur san áireamh. Áireofar sa chomhpháirtíocht sin ionadaíocht chothrom ar na comhpháirtithe seo a leanas:

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, lena n-áirítear feirmeoirí, iascairí agus a n-eagraíochtaí;	(b) comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, lena n-áirítear feirmeoirí, iascairí***, iascairí áineasa, táirgeoirí dobharshaothraithe*** agus a n-eagraíochtaí***, agus aird ar leith á tabhairt ar ionadaíocht chomhréireach táirgeoirí agus iascairí ar mionscála, agus, i gcás***

inarb iomchuí, ionadaithe pobal cósta;

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, amhail comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamh-rialtasacha, eagraíochtaí óige agus comhlachtaí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta, na cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, an comhionannas inscne agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn, institiúidí agus eagraíochtaí náisiúnta um chearta an duine;	(c) comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, amhail comhpháirtithe comhshaoil ***agus leasa ainmhithe, eagraíochtaí tomhaltóirí agus sláinte poiblí***, eagraíochtaí neamh-rialtasacha, eagraíochtaí óige agus comhlachtaí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta, na cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, an comhionannas inscne agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn, institiúidí agus eagraíochtaí náisiúnta um chearta an duine;

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) eagraíochtaí taighde agus ollscoileanna, i gcás inarb iomchuí.	(d) eagraíochtaí taighde***, eolaithe*** agus ollscoileanna, i gcás inarb iomchuí.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Feidhmeoidh an chomhpháirtíocht a bhunaítear i gcomhréir le mír 1 i gcomhréir le prionsabal an rialachais il-leibhéil ***agus*** le cur chuige ón mbun aníos. Tabharfaidh na Ballstáit rannpháirt do na comhpháirtithe dá dtagraítear i ngach fomhír de mhír 1 in ullmhú an Phlean agus	2. Feidhmeoidh an chomhpháirtíocht a bhunaítear i gcomhréir le mír 1 i gcomhréir le prionsabal an rialachais il-leibhéil***,*** cur chuige ón mbun aníos***, agus cur chuige trédhearcach, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i dTreoir 2003/4/CE***. Tabharfaidh na Ballstáit

i rith ullmhú, chur chun feidhme agus mheastóireacht na gcaibidlí, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht sna coistí faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 55.	rannpháirt do na comhpháirtithe dá dtagraítear i ngach fomhír de mhír 1 in ullmhú an Phlean agus i rith ullmhú, chur chun feidhme agus mheastóireacht na gcaibidlí, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht sna coistí faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 55.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Cuirfidh na Ballstáit doiciméid agus faisnéis ar fáil go poiblí a bhaineann le heagrú na comhpháirtíochta agus le hullmhú an Phlean.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Maidir leis na comhpháirtithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), áiritheoidh an Ballstát go ndéanfar ionadaíocht iomchuí ar na húdaráis uile lena mbaineann na caibidlí ábhartha den Phlean i gcomhréir leis an leibhéal críochach comhfhreagrach agus le cumhdach geografach na caibidle, de réir mar is iomchuí.	4. Maidir leis na comhpháirtithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), áiritheoidh an Ballstát go ndéanfar ionadaíocht iomchuí ar na húdaráis ***agus na comhpháirtithe*** uile lena mbaineann na caibidlí ábhartha den Phlean i gcomhréir leis an leibhéal críochach comhfhreagrach agus le cumhdach geografach na caibidle, de réir mar is iomchuí. ***Áireofar sna Pleananna caibidlí réigiúnacha agus críochacha i gcomhréir le creat institiúideach gach Ballstáit. Beidh na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla rannpháirteach go dlúth i ndearadh, clársceidealú, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht na ngníomhaíochtaí a thagann faoina n-inniúlachtaí agus a bhfreagrachtaí faoi seach.***

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirtíocht iomchuí na n-údarás réigiúnach agus áitiúil agus comhpháirtithe ábhartha eile in ullmhú, cur chun feidhme, faireachán agus athbhreithniú na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a áirítear sa Phlean i gcás ina ndéanann na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin difear dá réimsí inniúlachta nó freagrachta, an Plean á chur chun feidhme agus inniúlachtaí agus freagrachtaí á ndáileadh idir údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Uair sa bhliain ar a laghad, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar chomhpháirtithe ar leibhéal an Aontais maidir le cur chun feidhme na bPleananna.	6. Uair sa bhliain ar a laghad, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar ***raon agus éagsúlacht iomlán na gcomhpháirtithe*** ar leibhéal an Aontais maidir le cur chun feidhme na bPleananna ***agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi thoradh na gcomhairliúchán sin***.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

	(aa) an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' mar a leagtar amach in Airteagal 33(2), pointe (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán XX [Rialachán Feidhmíochta] agus rialacháin earnálacha i gcás inarb infheidhme; agus na ceanglais chosanta comhshaoil, mar a leagtar amach in Airteagal 11 CFAE;

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Déanfar ceanglais, garspriocanna agus spriocanna atá nasctha le hathchóirithe agus infheistíochtaí a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach a bheidh comhréireach leis na cuspóirí arna saothrú faoin gcaibidil ábhartha den Phlean agus a bheidh comhsheasmhach le freagrachtaí faoi seach na n-údarás agus na dtairbhithe lena mbaineann.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5b. Agus na Pleananna á gcur chun feidhme, féachfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún le héifeachtaí díréireacha ar údaráis agus ar thairbhithe nach bhfuil freagrach as comhlíonadh na gceanglas ábhartha a sheachaint.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 2 – pointe a – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) EUR 295 700 000 000 ar a laghad le haghaidh idirghabhálacha CBT dá dtagraítear in Airteagal 35(1) [cineálacha tacaíochta], mír 1, pointí (a) go (k) agus (r) agus mír 10 ***agus le haghaidh idirghabhálacha a liostaítear in Airteagal 35, mír 11***;	(ii) EUR 295 700 000 000 ar a laghad le haghaidh idirghabhálacha CBT dá dtagraítear in Airteagal 35(1) [cineálacha tacaíochta], mír 1, pointí (a) go (k) agus (r) agus mír 10;

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 – pointe a – pointe ii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iia) EUR 7 290 000 000 ar a laghad le haghaidh idirghabhálacha CBI a liostaítear in Airteagal XX de Rialachán (AE) 202X/XXX lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don Chomhbheartas Iascaigh agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais;

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 – pointe a – pointe iii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iiia) EUR 7 330 000 000 ar a laghad le haghaidh bearta lena dtugtar aghaidh ar shrianta buana agus struchtúracha na réigiún is forimeallaí den Aontas a aithnítear in Airteagal 349 CFAE, i gcomhréir le hAirteagal 46 den Rialachán seo.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Déanfar EUR ***71 933 000 000*** a leithdháileadh ar an tSaoráid dá dtagraítear i dTeideal IV***;***	(b) Déanfar EUR ***56 080 000 000*** a leithdháileadh ar an tSaoráid dá dtagraítear i dTeideal IV***, agus leithdháilfear EUR 1 120 000 000 ar a laghad de sin ar ghníomhaíochtaí a thacaíonn le cur chun feidhme CBI, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XV, pointe (e).***

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Leagfar amach na leithdháiltí náisiúnta a chomhfhreagraíonn don mhéid dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), pointe (iia), in Iarscríbhinn XX [imchlúdaigh airgeadais náisiúnta íosta CBI]. Is éard a bheidh sna leithdháiltí sin imchlúdaigh airgeadais náisiúnta íosta agus ní dhéanfar iad a laghdú, a ath-leithdháileadh ná a aistriú chuig réimsí beartais eile laistigh den Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Ní dhéanfar na leithdháiltí íosta a leagtar amach i mír 2, pointí (a)(i), (a)(ii), (a)(iia), (a)(iiia) agus pointe (b), an dara habairt, a laghdú, a ath-leithdháileadh ná a aistriú chuig réimsí beartais eile laistigh den Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tacóidh an Ciste freisin le gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile is gá chun an Comhbheartas Talmhaíochta agus an Comhbheartas Iascaigh a chur chun feidhme agus a bhainistiú, lena n-áirítear bearta rialaithe agus forfheidhmithe iascaigh, rialuithe margaidh, bailiú nó ceannach sonraí, lena n-áirítear sonraí satailíte, sonraí geospásúla agus sonraí meitéareolaíocha, faireachán ar acmhainní, forbairt agus coinneáil ar bun dheimhniú leictreonach na dtáirgí orgánacha agus na gcóras teicneolaíochta faisnéise corparáideach gaolmhar, forbairt, clárú agus cosaint na dtásc, na ngiorrúchán agus na siombailí a thagraíonn do scéimeanna cáilíochta an Aontais agus do ranníocaíochtaí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta.	2. Tacóidh an Ciste freisin le gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile is gá chun an Comhbheartas Talmhaíochta agus an Comhbheartas Iascaigh a chur chun feidhme agus a bhainistiú, lena n-áirítear bearta rialaithe agus forfheidhmithe iascaigh, ***cianfhaireachán leictreonach,*** rialuithe margaidh, bailiú nó ceannach sonraí, lena n-áirítear sonraí satailíte, ***cianbhraiteacht,*** sonraí geospásúla agus sonraí meitéareolaíocha, ***chun tréithe ama agus spásúla athróg a anailísiú, a shamhaltú agus a léirshamhlú***, faireachán ar acmhainní ***agus cáilíocht an chomhshaoil***, forbairt agus coinneáil ar bun dheimhniú leictreonach na dtáirgí orgánacha agus na gcóras teicneolaíochta faisnéise corparáideach gaolmhar, forbairt, clárú agus cosaint na dtásc, na ngiorrúchán agus na siombailí a thagraíonn do scéimeanna cáilíochta an Aontais agus do ranníocaíochtaí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Saorfaidh an Coimisiún aon mhéid i bPlean CNR agus i gcaibidil an Phlean Interreg nár úsáideadh le haghaidh réamh-mhaoiniú, i gcomhréir le hAirteagal 17 [réamh-mhaoiniú] nó nár cuireadh iarratas ar íocaíocht isteach ina leith i gcomhréir le hAirteagal 65 [iarratais ar íocaíocht a chur isteach agus a mheasúnú], faoin 31	1. Saorfaidh an Coimisiún aon mhéid i bPlean CNR agus i gcaibidil an Phlean Interreg nár úsáideadh le haghaidh réamh-mhaoiniú, i gcomhréir le hAirteagal 17 [réamh-mhaoiniú] nó nár cuireadh iarratas ar íocaíocht isteach ina leith i gcomhréir le hAirteagal 65 [iarratais ar íocaíocht a chur isteach agus a mheasúnú], faoin 31 ***Nollaig***

Deireadh Fómhair den bhliain féilire tar éis bhliain na ngealltanas buiséadach.

den ***tríú*** bliain féilire tar éis bhliain na ngealltanas buiséadach.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) 15 % do na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE;

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Ní iarrfar aon ranníocaíocht náisiúnta le haghaidh idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35, pointí (a), (b), (c) agus (g). Ní sholáthrófar aon mhaoiniú náisiúnta breise le haghaidh na n-idirghabhálacha sin. ***Aon ráta ranníocaíochta de mhaolú orthu sin i mír 1 a leagtar amach le haghaidh idirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal V, lena n-áirítear i gcás nach n-iarrtar aon ranníocaíocht náisiúnta, ní bheidh feidhm aige ach amháin maidir le méid iomlán idirghabhálacha nach mó ná sciar an Bhallstáit den mhéid a leagtar amach in Airteagal 10(2), pointe (a)(ii), mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I.***

4. Ní iarrfar aon ranníocaíocht náisiúnta le haghaidh idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35, pointí (a), (b), (c) agus (g). Ní sholáthrófar aon mhaoiniú náisiúnta breise le haghaidh na n-idirghabhálacha sin.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4a. De mhaolú ar mhír 1, maidir le hidirghabhálacha a thacaíonn le cur

chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh, ní bheidh an t-íosráta ranníocaíochta náisiúnta le costais mheasta birt de chuid an Phlean níos ísle ná 30 %, ach amháin i gcás cúiteamh as costais bhreise sna réigiúin is forimeallaí, nach mbeidh aon ranníocaíocht náisiúnta ag teastáil ina leith.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4b. Aon ráta ranníocaíochta de mhaolú orthu sin i mír 1 a leagtar amach le haghaidh idirghabhálacha do chur chun feidhme CBI lena n-áirítear i gcás nach n-iarrtar aon ranníocaíochtaí náisiúnta, ní bheidh feidhm aige ach amháin maidir le méid iomlán idirghabhálacha nach mó ná sciar an Bhallstáit de na méideanna a leagtar amach in Airteagal 10(2), pointe (a)(ii) agus pointe (a)(iia), mar a leagtar síos in Iarscríbhinn [XX].

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 4 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4c. Féadfaidh na Ballstáit cómhaoiniú príobháideach na n-idirghabhálacha a dtacaítear leo faoin bPlean a cheadú, ar choinníoll go mbeidh na ranníocaíochtaí sin trédhearcach, inrianaithe, go gcomhlíonfaidh siad na rialacha maidir le Státchabhair agus go rannchuideoidh siad le cuspóirí chaibidil ábhartha an Phlean agus le forbairt chríochach fhadtéarmach.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh gach Ballstát an Plean a ullmhú agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe mar a leagtar amach in Airteagal 6 [Comhpháirtíocht], lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus i gcomhréir lena gcreat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais. Áireofar sa Phlean caibidlí náisiúnta, caibidlí earnálacha, agus, i gcás inarb ábhartha, caibidlí réigiúnacha agus críochacha.	2. Déanfaidh gach Ballstát an Plean a ullmhú agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe mar a leagtar amach in Airteagal 6 [Comhpháirtíocht], lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus i gcomhréir lena gcreat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais. Áireofar sa Phlean caibidlí náisiúnta, caibidlí earnálacha, agus, i gcás inarb ábhartha, caibidlí réigiúnacha agus críochacha. ***Beidh sé éigeantach caibidlí réigiúnacha agus críochacha a tharraingt suas, agus beidh na húdaráis inniúla réigiúnacha agus chríochacha rannpháirteach ann, i gcomhréir le creat institiúideach an Bhallstáit lena mbaineann, bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil a leagtar síos in Airteagal 6. I gcás inarb infheidhme, déanfar bearta a bhaineann leis na réigiúin is forimeallaí a leagan amach i gcaibidil shonrach den Phlean.***

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tacófar leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 agus rannchuideofar ar bhealach cuimsitheach leordhóthanach leis na cuspóirí sonracha uile a leagtar síos in Airteagal 3, agus dúshláin shonracha an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh, agus soláthrófar straitéis idirghabhála ina	(a) tacófar leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 agus rannchuideofar ar bhealach cuimsitheach leordhóthanach leis na cuspóirí sonracha uile a leagtar síos in Airteagal 3, agus dúshláin shonracha an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh, agus soláthrófar straitéis idirghabhála ina

léireofar conas a thabharfar aghaidh ar na cuspóirí sin agus conas a mhaoineofar iad leis an bPlean, cén leibhéal maoinithe a bhfuil gá leis chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí ginearálta, agus conas atá údar leis an leibhéal maoinithe. Le Plean CNR an Bhallstáit ag a bhfuil OIN per capita níos lú ná 90 % de mheán an Aontais, léireofar go háirithe go rannchuidíonn sé ar bhealach leordhóthanach leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(a), pointí (vii) agus (ix), agus Airteagal 3(d), pointe (v).	léireofar conas a thabharfar aghaidh ar na cuspóirí sin agus conas a mhaoineofar iad leis an bPlean, cén leibhéal maoinithe a bhfuil gá leis chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí ginearálta, agus conas atá údar leis an leibhéal maoinithe. Le Plean CNR an Bhallstáit ag a bhfuil OIN per capita níos lú ná 90 % de mheán an Aontais, léireofar go háirithe go rannchuidíonn sé ar bhealach leordhóthanach leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(a), pointí (vii) agus (ix), agus Airteagal 3(d), pointe (v). ***I gcás na mBallstát a bhfuil limistéir chósta, oileáin, na réigiúin is forimeallaí nó gníomhaíochtaí suntasacha iascaigh agus dobharshaothraithe acu, léireofar sa Phlean conas a thugtar aghaidh ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(d)(iv).***

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh nó arna measúnú go hoifigiúil ag an gCoimisiún a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 [cuspóirí sonracha], lena n-áirítear moltaí náisiúnta CBT a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT], moltaí maidir leis an Deacáid Dhigiteach bunaithe ar Airteagal 6 den Chinneadh lena mbunaítear an Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach, ***agus*** Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide;	(ii) i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh nó arna measúnú go hoifigiúil ag an gCoimisiún a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 [cuspóirí sonracha], lena n-áirítear moltaí náisiúnta CBT a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT], moltaí maidir leis an Deacáid Dhigiteach bunaithe ar Airteagal 6 den Chinneadh lena mbunaítear an Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach, Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide***, agus treochláir náisiúnta***;

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) soláthrófar liosta na mbeart agus tuairisc ar na bearta atá grúpáilte i gcaibidlí, lena n-áirítear na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shaothraíonn gach ceann acu go príomha agus liosta na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, mar aon lena ndáta táscach críochnaithe le linn na clárthréimhse, lena n-áirítear na bearta breise agus na garspriocanna agus na spriocanna gaolmhara i gcás ina n-iarrann an Ballstát lena mbaineann tacaíocht iasachta. Comhlíonfaidh na bearta a bhaineann le CBT na ceanglais a leagtar amach i dTeideal V [CBT] agus Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT] agus Rialachán (AE) 202X/XXXX [CEM] agus comhlíonfaidh na bearta a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal XX de Rialachán XX [CBI]. ***Beidh na táscairí atá beartaithe le haghaidh na spriocanna bunaithe ar na táscairí aschuir a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán Feidhmíochta] ach amháin i gcás ina mbeidh údar cuí leis;***	(c) soláthrófar liosta na mbeart agus tuairisc ar na bearta atá grúpáilte i gcaibidlí, lena n-áirítear na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shaothraíonn gach ceann acu go príomha agus liosta na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, mar aon lena ndáta táscach críochnaithe le linn na clárthréimhse, lena n-áirítear na bearta breise agus na garspriocanna agus na spriocanna gaolmhara i gcás ina n-iarrann an Ballstát lena mbaineann tacaíocht iasachta. ***Míneoidh an Ballstát conas a rannchuidíonn athchóirithe agus infheistíochtaí le baint amach na gcuspóirí agus na bprionsabal a leagtar amach sa Rialachán seo.*** Comhlíonfaidh na bearta a bhaineann le CBT na ceanglais a leagtar amach i dTeideal V [CBT] agus Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT] agus Rialachán (AE) 202X/XXXX [CEM] agus comhlíonfaidh na bearta a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal XX de Rialachán XX [CBI].

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe f – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) díriú ar riachtanais shonracha na réigiún teorann, na réigiún tuaisceartach is teirce daonra, na limistéar tuaithe agus uirbeach, na limistéar a ndéanann an t-aistriú tionsclaíoch difear dóibh, agus na n-oileán, rud atá le tuairisciú in Iarscríbhinn V bunaithe ar an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII;	(iii) díriú ar riachtanais shonracha na réigiún teorann, na réigiún tuaisceartach is teirce daonra, na limistéar tuaithe agus uirbeach, ***na limistéar cósta,*** na limistéar a ndéanann an t-aistriú tionsclaíoch difear dóibh, agus na n-oileán, rud atá le tuairisciú in Iarscríbhinn V bunaithe ar an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII;

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe f – pointe iv

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iv) forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na réigiún is forimeallaí a neartú***;*** rud atá le leagan amach i mbearta tiomnaithe le haghaidh na gcríoch lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 46;	(iv) forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na réigiún is forimeallaí a neartú ***agus aghaidh a thabhairt ar a srianta buana struchtúracha agus ar a riachtanais shonracha,*** a bheidh le leagan amach i mbearta tiomnaithe le haghaidh na gcríoch lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 46 ***agus le tacaíocht ó na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 10, mír 2, pointe a, fophointe (iiia)***;

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe g – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) tacú le hathnuachan ó ghlúin go glúin in earnáil na talmhaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán XX [CBT, athnuachan ó ghlúin go glúin]***, agus in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe chomh maith***;	(i) tacú le hathnuachan ó ghlúin go glúin in earnáil na talmhaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán XX [CBT, athnuachan ó ghlúin go glúin];

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe g – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) bearta sóisialta i gcomhréir le hIarscríbhinn VI [leithdháiltí sóisialta]**.**	(ii) bearta sóisialta i gcomhréir le hIarscríbhinn VI [leithdháiltí sóisialta]**,** ***lena n-áirítear bearta a thacaíonn le rannpháirtíocht na mban in earnálacha na talmhaíochta, an iascaigh agus an dobharshaothraithe;***

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe g – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) tacú le gníomhaíochtaí iascaigh, dobharshaothraithe agus muirí, lena n-áirítear iascaireacht ar mionscála, cur chun feidhme CBI mar a leagtar amach i Rialachán (AE) XX [CBI] chomh maith leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan i gcomhréir le hIarscríbhinn V [teimpléad an Phlean].	***scriosta***

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) Acmhainní a leithdháileadh maidir leis an méid seo a leanas:
	i) tacú le gníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe agus le cur chun feidhme CBI mar a leagtar amach i Rialachán AE XX [CBI], lena n-áirítear tacú le gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní muirí agus mara, agus lena bhfeabhsaítear forbairt inbhuanaithe, athléimneacht agus folláine na bpobal cósta agus oileánach, éifeachtúlacht fuinnimh, nuálaíocht, teicnící roghnaitheacha iascaireachta, sábháilteacht agus dálaí oibre cabhlaigh, athnuachan cabhlaigh, tacaíocht do phróiseáil agus do shlabhraí luacha, agus, i gcás inar gá, tacú le bearta bailithe sonraí, rialaithe agus forfheidhmithe atá teoranta dóibh siúd is gá chun go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí faoi acquis iascaigh an Aontais is infheidhme, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh.

	1005/2008 ón gComhairle, Rialachán (AE) 2017/1004 agus Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, lena gcomhlánaítear an tacaíocht a sholáthraítear faoi Shaoráid AE; i gcomhréir le hIarscríbhinn V [teimpléad an Phlean].
	ii) tacú le hathnuachan ó ghlúin go glúin in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe i gcomhréir le hAirteagal X de Rialachán AE XX [CBI, athnuachan ó ghlúin go glúin].
	iii) tacú le hiascaigh chósta ar mionscála, lena n-áirítear iascaigh ísealtionchair, agus dobharshaothrú inbhuanaithe, lena n-áirítear córais dobharshaothraithe ísealtrófacha, athghiniúnacha agus ísealcharbóin, i gcás inarb ábhartha;

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe h – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) úsáid idirghabhálacha comhair dá dtagraítear in Airteagal 74 [idirghabhálacha comhair] a chur chun cinn, lena n-áirítear infheistíocht chríochach chomhtháite i gcathracha, i limistéir uirbeacha, thuaithe agus chósta, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, nó uirlisí críochacha eile lena n-áirítear straitéisí um an aistriú cóir agus um speisialtóireacht chliste, chomh maith le LEADER dá dtagraítear in Airteagal 77 [LEADER];	(i) úsáid idirghabhálacha comhair dá dtagraítear in Airteagal 74 [idirghabhálacha comhair] a chur chun cinn, lena n-áirítear infheistíocht chríochach chomhtháite i gcathracha, i limistéir uirbeacha, thuaithe agus chósta, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, ***lena n-áirítear Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh (FLAGanna),*** nó uirlisí críochacha eile lena n-áirítear straitéisí um an aistriú cóir agus um speisialtóireacht chliste, chomh maith le LEADER dá dtagraítear in Airteagal 77 [LEADER];

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe h – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(iii) na réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [CBT – ***Réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide]***.	(iii) na réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 202X/XXXX ***[Rialachán CBT] agus, i gcás inarb ábhartha, cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh maidir le bainistiú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara***.

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe h – pointe iii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iiia) gníomhaíochtaí muirí a chur chun cinn, dá bhforáiltear i Rialachán (AE) [Rialachán CBI (AE) 202X/XXX lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don Chomhbheartas Iascaigh agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais], geilleagar inbhuanaithe, iomaíoch agus gorm, lena n-áirítear geilleagar gorm athghiniúnach agus beartas aigéin an Aontais;

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit íoschéatadán níos ísle nó níos airde de leithdháileadh iomlán an phlean a thabhairt le haghaidh cuspóirí aeráide agus comhshaoil. Bunóidh an Coimisiún an céatadán sonrach i gcomhthéacs fhormheas an Phlean CNR.	***scriosta***

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) staid shocheacnamaíoch an Bhallstáit nó an réigiúin lena mbaineann, agus béim ar leith ar riachtanais chríochacha, lena gcuirtear san áireamh aon tarlú diúltach airgeadais, eacnamaíoch nó sóisialta;	(b) staid shocheacnamaíoch an Bhallstáit nó an réigiúin lena mbaineann, agus béim ar leith ar riachtanais chríochacha, ***lena n-áirítear i réigiúin chósta, ar oileáin agus sna réigiúin is forimeallaí,*** lena gcuirtear san áireamh aon fhorbairt dhiúltach airgeadais, eacnamaíoch nó shóisialta ***chomh maith le haon fhorbairt aeráide agus chomhshaoil a dhéanann difear don Bhallstát nó don réigiún lena mbaineann agus a bhfuil iarmhairtí móra sóisialta agus eacnamaíocha aici***;

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) EUR ***63 223 000 000 billiún*** le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear an Líontán Sábhála Aontachta dá dtagraítear i mír 1, pointe (j) d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais], gníomhaíochtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (l) d'Iarscríbhinn XV (gníomhaíochtaí an Aontais a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid AE, gníomhaíochtaí Gnóthaí Baile), gníomhaíochtaí tacaíochta LIFE dá dtagraítear i mír 1, pointe (n) d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais], Gníomhaíochtaí Dlúthpháirtíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (i) d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais] a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid AE;	(a) EUR ***56 080 000 000*** le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear an Líontán Sábhála Aontachta dá dtagraítear i mír 1, pointe (j) ***d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais], agus Líontán Sábhála Iascaigh dá dtagraítear i mír 1, pointe (j)(a)*** d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais], gníomhaíochtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (l) d'Iarscríbhinn XV (gníomhaíochtaí an Aontais a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid AE, gníomhaíochtaí Gnóthaí Baile), gníomhaíochtaí tacaíochta LIFE dá dtagraítear i mír 1, pointe (n) d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais], Gníomhaíochtaí Dlúthpháirtíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (i) d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais] a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid AE ***agus EUR 1 120 000 000 ar a laghad le haghaidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1,***

	pointe (e) d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí a bhaineann le CBI] go háirithe le haghaidh bailiú sonraí, rialuithe agus forfheidhmiú;

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh na Pleananna CNR a leasú i gcomhréir le hAirteagal 24 [Leasú ar an bplean] chun tacaíocht a sholáthar do bhearta de chineál comhchosúil leo siúd dá dtagraítear i mír 1, pointe (i) d'Iarscríbhinn XV [***tubaistí nádúrtha***], agus chun íocaíochtaí géarchéime a sholáthar d'fheirmeoirí atá buailte ag tubaistí nádúrtha agus chun tacú le hinfheistíochtaí chun acmhainneacht talmhaíochta a athbhunú, ar choinníoll gur aithin údarás poiblí inniúil de chuid an Bhallstáit iad mar sin.	Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh na Pleananna CNR a leasú i gcomhréir le hAirteagal 24 [Leasú ar an bplean] chun tacaíocht a sholáthar do bhearta de chineál comhchosúil leo siúd dá dtagraítear i mír 1, pointe (i) d'Iarscríbhinn XV [***staideanna géarchéime***], agus chun íocaíochtaí géarchéime a sholáthar d'fheirmeoirí***, iascairí, táirgeoirí dobharshaothraithe agus oibreoirí tionscail bhia uiscigh*** atá buailte ag tubaistí nádúrtha ***nó staideanna géarchéime eile*** agus chun tacú le hinfheistíochtaí chun acmhainneacht talmhaíochta***, iascaigh agus dobharshaothraithe*** a athbhunú, ar choinníoll gur aithin údarás poiblí inniúil de chuid an Bhallstáit iad mar sin.

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí géarchéime a sholáthar d'fheirmeoirí sna cásanna seo a leanas:	Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí géarchéime a sholáthar d'fheirmeoirí***, iascairí, táirgeoirí dobharshaothraithe agus don tionscal bia mara*** sna cásanna seo a leanas:

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) inar aithin a údarás inniúil go foirmiúil gur tharla tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide ***nó*** teagmhas turraingeach, mar a shainmhíníonn an Ballstát iad;	(a) inar aithin a údarás inniúil go foirmiúil gur tharla tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide **,** teagmhas turraingeach ***nó staid géarchéime eile***, mar a shainmhíníonn an Ballstát iad;

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
11. Áirítear ar idirghabhálacha de chuid an Chomhbheartais Iascaigh	***scriosta***
(a) tacaíocht d'iascach inbhuanaithe agus d'athbhunú agus do chaomhnú acmhainní bitheolaíocha uisceacha, d'aistriú fuinnimh iascaigh agus dobharshaothraithe chomh maith le gníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear an tsábháilteacht;	
(b) tacaíocht don nuálaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta níos roghnaí agus do chaomhnú, cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta uiscí agus na n-éiceachóras uisceach;	
(c) tacaíocht do Chomheagrú na Margaí (CEM);	
(d) tacaíocht d'iascairí nó do tháirgeoirí dobharshaothraithe as cúiteamh a thabhairt d'oibreoirí na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe as a n-ioncam tarscaoilte nó as costais bhreise agus cúiteamh a thabhairt d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a stórálann táirgí iascaigh a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, ar choinníoll go stóráiltear na táirgí sin i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31 den Rialachán sin.	

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 38	***scriosta***
Íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide agus teagmhais thurraingeacha	
1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí géarchéime a sholáthar d'fheirmeoirí atá buailte ag tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha. Is é is aidhm do na híocaíochtaí sin leanúnachas ghníomhaíocht talmhaíochta na bhfeirmeoirí sin a áirithiú agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a shonraíonn na Ballstáit a thuilleadh.	
2. Maidir leis an tacaíocht faoin Airteagal seo, beidh sí faoi réir aithint fhoirmiúil údarás inniúil an Bhallstáit gur tharla tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide nó teagmhas turraingeach, mar atá sainmhínithe ag an mBallstát, agus gurbh iad na teagmhais sin, nó bearta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 chun galar plandaí nó lotnaid a dhíothú nó a shrianadh, nó bearta arna nglacadh chun galair ainmhithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún a chosc nó a dhíothú nó bearta arna nglacadh maidir le galar atá ag teacht chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus Airteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429 ba chúis dhíreach le damáiste a bhí 30 % ar a laghad de mheántáirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe	

sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a áireamh.

3. Ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabháltais, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabháltais san earnáil lena mbaineann nó i ndáil leis an réimse sonrach lena mbaineann.

4. Bunóidh na Ballstáit na rátaí tacaíochta is infheidhme chun an caillteanas táirgeachta a chúiteamh. Beidh na rátaí sin níos airde i gcás feirmeoirí a chuireann chun feidhme freisin idirghabhálacha nó gníomhaíochtaí coisctheacha eile ar leibhéal na feirme, chun an leibhéal táirgthe agus na rioscaí ioncaim a dtugtar tacaíocht ina leith a laghdú. Féadfar innéacsanna a úsáid chun caillteanas táirgeachta a ríomh.

5. Agus tacaíocht á deonú faoin Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh mar thoradh ar theaglaim na tacaíochta sin agus ionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó ionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó scéimeanna árachais phríobháidigh.

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ullmhóidh na Ballstáit lena mbaineann, mar chuid dá bPlean, bearta chun aghaidh a thabhairt ar shrianta buana agus struchtúracha ar na réigiúin is forimeallaí san Aontas, ar srianta iad a chuireann srian mór ar a bhforbairt, mar a aithnítear in Airteagal 349 CFAE. ***Féadfar*** na bearta ***a chur*** chun feidhme i gcaibidil thiomnaithe. Leis na bearta tabharfar aghaidh ar na cuspóirí seo a leanas:	1. Ullmhóidh na Ballstáit lena mbaineann, mar chuid dá bPlean ***agus le rannpháirtíocht na n-údarás réigiúnach***, bearta chun aghaidh a thabhairt ar shrianta buana agus struchtúracha ar na réigiúin is forimeallaí san Aontas, ar srianta iad a chuireann srian mór ar a bhforbairt, mar a aithnítear in Airteagal 349 CFAE. ***Cuirfear*** na bearta chun feidhme i gcaibidil thiomnaithe. Leis na bearta tabharfar aghaidh ar na cuspóirí seo a leanas:

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Foráil a dhéanamh dá riachtanais agus dá ndúshláin shonracha, amhail slándáil bia, tithíocht, ***iompar inbhuanaithe***, bainistiú uisce agus dramhaíola, fuinneamh, fostaíocht agus soghluaisteacht an lucht saothair, go háirithe do dhaoine óga, dícharbónú, ciorclaíocht, oideachas agus scileanna, cuimsiú sóisialta, imirce, athléimneacht agus oiriúnú don athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil***, an geilleagar gorm***, rochtain ar chúram sláinte, fuinneamh, iompar inbhuanaithe agus nascacht dhigiteach agus forbairt eacnamaíoch, lena n-áirítear geilleagar gorm inbhuanaithe agus éagsúlaithe;	(a) Foráil a dhéanamh dá riachtanais agus dá ndúshláin shonracha, amhail slándáil bia ***agus biafhlaitheas***, tithíocht, ***inrochtaineacht,*** bainistiú uisce agus dramhaíola, fuinneamh, fostaíocht agus soghluaisteacht an lucht saothair, go háirithe do dhaoine óga, dícharbónú, ciorclaíocht, oideachas***, taighde*** agus scileanna, cuimsiú sóisialta, imirce, athléimneacht agus oiriúnú don athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil, rochtain ar chúram sláinte, fuinneamh, iompar inbhuanaithe agus nascacht dhigiteach agus forbairt eacnamaíoch, lena n-áirítear ***iascach, dobharshaothrú agus*** geilleagar gorm inbhuanaithe agus éagsúlaithe;

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) todhchaí fhadtéarmach agus forbairt na ***talmhaíochta***, an iascaigh agus an dobharshaothraithe a áirithiú, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil, margú agus díol barr áitiúil agus táirgí áitiúla, agus éagsúlú an táirgthe bia, agus béim ar leith á leagan ar an tslándáil bia agus ar an neamhthuilleamaíocht, agus a n-iomaíochas a choinneáil ar bun agus a neartú.	(c) todhchaí fhadtéarmach agus forbairt ***inbhuanaithe*** na ***talmhaíochta,*** an iascaigh agus an dobharshaothraithe a áirithiú, ***agus aird ar leith á tabhairt ar iascaireacht chósta ar mionscála,*** lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil, margú agus díol barr áitiúil agus táirgí áitiúla, agus éagsúlú an táirgthe bia ***agus bia uiscigh***, agus béim ar leith á leagan ar an tslándáil bia ***agus ar bhiafhlaitheas,*** ar an neamhthuilleamaíocht, agus ar a n-iomaíochas a choinneáil ar bun agus a neartú***, mar aon le bearta arna ndéanamh faoi Rialachán XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 'lena***

	mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [.] [Ciste CNR] don tréimhse ó 2028 go 2034'.

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***Cothrom iomaíochta a chur chun cinn*** le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ó na réigiúin is forimeallaí	(c) ***tacú le hAthnuachan cabhlaigh agus*** cothrom iomaíochta a chur chun cinn le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ó na réigiúin is forimeallaí

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Ba cheart íosmhéid EUR 400 000 000 (i bpraghsanna reatha) a leithdháileadh chun tacú leis an iascach, leis an dobharshaothrú agus leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe sna réigiúin is forimeallaí:
	Ba cheart an leithdháileadh sin a leithdháileadh idir na Ballstáit lena mbaineann mar a leanas:
	a) EUR 129 504 995 i gcomhair na nAsór agus Mhaidéara;
	b) EUR 104 109 720 i gcomhair na nOileán Canárach;
	c) EUR 166 385 283 i gcomhair na

réigiúin is forimeallaí sa Fhrainc.

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Féadfar*** socruithe soláthair sonracha a bhunú le haghaidh na dtáirgí talmhaíochta a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE, ar táirgí iad atá fíor-riachtanach sna réigiúin is forimeallaí lena gcaitheamh ag an duine, le haghaidh monarú táirgí eile, nó mar ionchuir thalmhaíochta.	1. ***Déanfar*** socruithe soláthair sonracha a bhunú le haghaidh na dtáirgí talmhaíochta a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE, ar táirgí iad atá fíor-riachtanach sna réigiúin is forimeallaí lena gcaitheamh ag an duine, le haghaidh monarú táirgí eile ***don iascach*** nó mar ionchuir thalmhaíochta***, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán AE XX CBI Rialachán AE 202X/XX***.

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 48 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 48a
	Clár Iascaigh agus Dobharshaothraithe na Roghanna a Bhaineann go Sonrach leis an Iargúltacht agus leis an Oileánachas le haghaidh na réigiún is forimeallaí
	1. Glacfaidh na comhreachtóirí Clár sonrach de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht ('Clár POSEI'), chun tacú leis an iascach agus leis an dobharshaothrú sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE, chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a eascraíonn as a n-iargúltacht, a n-oileánacht, a mbeagmhéid, a dtopagrafaíocht agus a n-aeráid achrannach, chomh maith lena spleáchas eacnamaíoch ar líon teoranta

táirgí.

2. Sainmhínítear na cuspóirí agus na cineáleacha idirghabhála faoin gClár seo in Airteagal XX de Rialachán (AE) 202X/XXX lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don Chomhbheartas Iascaigh agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais. Go háirithe, beidh sé d'aidhm ag na bearta sin:

(a) soláthar táirgí riachtanacha iascaigh agus dobharshaothraithe atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine nó lena bpróiseáil, chomh maith leis na hionchuir is gá le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta, a áirithiú do na réigiúin is forimeallaí trí na costais bhreise a bhaineann lena staid mar réigiúin is forimeallaí a laghdú, gan dochar a dhéanamh don táirgeadh áitiúil ná dá fhorbairt;

(b) slabhra soláthair an iascaigh agus an dobharshaothraithe a choinneáil ar bun agus a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil agus margú táirgí áitiúla;

(c) rannchuidiú, i gcás inarb iomchuí, le maoiniú athnuachana na gcabhlach iascaireachta sna réigiúin sin.

3. Áireofar an méid seo a leanas sa Chlár:

(a) tráthchlár don chur chun feidhme agus tábla maoinithe bliantúil táscach ina ndéanfar achoimre ar na hacmhainní a bheidh le húsáid;

(b) cruthúnas maidir le comhoiriúnacht agus comhsheasmhacht idir na bearta éagsúla faoin gclár, agus na critéir agus na táscairí cainníochtúla a úsáidtear chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh;

(c) forálacha lena n-áirithítear cur chun feidhme éifeachtach;

(d) ainmniú na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí a bheidh freagrach as cur

	chun feidhme an Chláir, agus ainmniú, ag na leibhéil iomchuí, údarás nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leis an gclár agus ainmniú comhpháirtithe socheacnamaíocha, chomh maith le torthaí na gcomhairliúchán arna ndéanamh. Déanfaidh an Coimisiún na bearta arna moladh ag na Ballstáit ina gClár do na réigiúin is forimeallaí faoi seach a fhormheas sula gcuirfear chun feidhme iad.
	4. Féadfaidh na Ballstáit maoiniú breise a dheonú do chur chun feidhme an Chláir sin. Féadfaidh an chabhair sin a bheith i bhfoirm cabhair oibriúcháin i dtáirgeadh, i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe, chun srianta sonracha na réigiún sin a mhaolú. Sa chás sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin Státchabhair, agus féadfaidh an Coimisiún í a fhormheas faoin Rialachán seo laistigh de chomhthéacs gach cláir. Maidir le Státchabhair a fógraíodh amhlaidh, measfar í a bheith fógartha i gcomhréir le hAirteagal 108(3) CFAE.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás ina gceadaítear sin leis an gcreat institiúideach, féadfaidh údaráis réigiúnacha gníomhú mar údaráis bhainistíochta dá gcaibidlí réigiúnacha agus caibidlíocht dhíreach a dhéanamh leis an gCoimisiún.

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) i gcás inarb ábhartha, athléimneacht shocheacnamaíoch na bpobal atá ag brath ar an iascach agus ar an dobharshaothrú, lena n-áirítear staid na hiascaireachta cósta ar mionscála, an iascaigh intíre agus na ngníomhaíochtaí próiseála cósta.

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 62 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Mar chuid de na rialuithe dá dtagraítear in Airteagal 58 [Freagrachtaí na mBallstát], fioróidh na Ballstáit go gcomhlíonann tairbhithe ceanglais na maoirseachta feirme dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT] agus Airteagal XX, mír XX de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBI].	***scriosta***
I gcás nach mó ná 10 heicteár an limistéar atá incháilithe don tacaíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, mar a dearbhaíodh san iarratas geospásúil dá dtagraítear in Airteagal 70 [CCRR], beidh na tairbhithe díolmhaithe ó rialuithe agus ó phionóis faoin Airteagal seo.	
I gcás inar roghnaíodh tairbhí le haghaidh seiceáil ar an láthair ar iarratas ar chabhair nó ar éileamh íocaíochta, ní roghnóidh na Ballstáit, a mhéid is féidir agus na rioscaí gaolmhara á gcur san áireamh, an tairbhí sin le haghaidh seiceáil agus sampla rialaithe ina dhiaidh sin le haghaidh na bliana sin, ach amháin i gcás ina n-éilítear níos mó ná seiceáil amháin ar an láthair leis na himthosca chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. Ní laghdódh an fhoráil sin leibhéal na seiceálacha.	

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 62 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Bainfidh na Ballstáit úsáid as a gcórais rialúcháin agus forfheidhmiúcháin i réimsí na haeráide agus an chomhshaoil, na sláinte poiblí, sláinte plandaí agus leasa ainmhithe, na reachtaíochta sóisialta agus fostaíochta, na gcaighdeán saothair is infheidhme, an iascaigh agus an dobharshaothraithe chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tairbhithe na tacaíochta na ceanglais a leagtar amach sa chéad mhír.	***scriosta***

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 62 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tabharfar fógra don údarás bainistíochta nó don ghníomhaireacht íocaíochta, i gcás inarb ábhartha, uair amháin sa bhliain ar a laghad faoi chásanna neamhchomhlíonta i gcás ina ndearnadh cinntí in-fhorfheidhmithe ina leith sin faoi na córais rialúcháin agus forfheidhmiúcháin is infheidhme dá dtagraítear i mír 2. Áireofar san fhógra sin measúnú agus grádú ar dhéine, forleithne, buaine nó atarlú agus intinniúlacht an neamhchomhlíonta lena mbaineann.	***scriosta***

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 62 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. I gcás neamhchomhlíonadh Airteagal XX de Rialachán (AE) XX [An Comhbheartas Iascaigh], déanfar an tacaíocht a íocadh leis an tairbhí a aisghabháil agus ní bheidh iarratas ar thacaíocht arna chur isteach ag tairbhí inghlactha ar feadh tréimhse sonraithe ama a leagtar síos de bhun mhír 8 den Airteagal seo, má chinn an t-údarás inniúil lena mbaineann trí chinneadh críochnaitheach go ndearna an tairbhí calaois.	***scriosta***

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 62 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. I gcás ina dtarlaíonn cás mar a liostaítear in Airteagal XX de Rialachán (AE) XX [An Comhbheartas Iascaigh] idir an tréimhse cur i bhfeidhm agus na 5 bliana tar éis na híocaíochta deiridh, déanfar an tacaíocht a íocadh leis an tairbhí a aisghabháil. Beidh an aisghabháil comhréireach le cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh na sáruithe tromchúiseacha nó na gcionta a rinne an tairbhí lena mbaineann agus leis an tábhacht a bhaineann le tacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíoch an tairbhí sin.	***scriosta***

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 62 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú i measc na mBallstát agus éifeachtacht, comhréireacht agus éifeacht	***scriosta***

athchomhairleach na bpionós dá dtagraítear i mír 5 agus aisghabhálacha agus neamh-inghlacthacht dá dtagraítear in Airteagal XX de Rialachán AE XX [An Comhbheartas Iascaigh], agus i míreanna 6 agus 7 den Airteagal seo, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na nithe seo a leanas:

(a) rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm agus ríomh na bpionós;

(b) an tairseach lena spreagtar an neamh-inghlacthacht a shainaithint agus tréimhse ama na neamh-inghlacthachta chomh maith leis na socruithe chun an tacaíocht a deonaíodh a aisghabháil, lena n-áirítear tairseacha lena spreagtar í.

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, lena n-áirítear LEADER, agus tionscnaimh eile faoi stiúir na saoránach;	(b) forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, lena n-áirítear LEADER, ***grúpaí áitiúla gníomhaíochta iascaigh,*** agus tionscnaimh eile faoi stiúir na saoránach;

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 74 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) comhar idirghlúine a chur chun cinn agus tacú leis, lena n-áirítear comharbas feirme;	(g) comhar idirghlúine a chur chun cinn agus tacú leis, lena n-áirítear comharbas feirme ***agus soithí iascaireachta***;

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 75 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh tacaíocht d'fhorbairt chríochach bunaithe ar straitéisí forbartha críochaí comhtháite, lena n-áirítear forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, atá dírithe ar limistéir uirbeacha, ar limistéir thuaithe, ar oileáin, ar limistéir chósta, nó ar aon limistéar críochach iomchuí chomh maith le speisialtóireacht chliste nó straitéisí críochacha um aistriú cóir, nó straitéisí um dhícharbónú arna bhforbairt le tacaíocht ó ionstraimí an Aontais sa tréimhse 2021 go 2027, agus limistéar feidhme agus cur chuige áitbhunaithe á gcur san áireamh, i gcás inarb ábhartha Bunófar garspriocanna agus spriocanna comhfhreagracha sa Phlean.	1. Beidh tacaíocht d'fhorbairt chríochach bunaithe ar straitéisí forbartha críochaí comhtháite, lena n-áirítear forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, atá dírithe ar limistéir uirbeacha, ar limistéir thuaithe, ar oileáin, ar limistéir chósta, ***ar limistéir atá ag brath ar an iascach agus ar an dobharshaothrú,*** nó ar aon limistéar críochach iomchuí chomh maith le speisialtóireacht chliste nó straitéisí críochacha um aistriú cóir, nó straitéisí um dhícharbónú arna bhforbairt le tacaíocht ó ionstraimí an Aontais sa tréimhse 2021 go 2027, agus limistéar feidhme agus cur chuige áitbhunaithe á gcur san áireamh, i gcás inarb ábhartha. Bunófar garspriocanna agus spriocanna comhfhreagracha sa Phlean.

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 76 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) beidh sí dírithe ar limistéir fhoréigiúnacha, ar limistéir thuaithe agus ar limistéir chósta;	(a) beidh sí dírithe ar limistéir fhoréigiúnacha, ar limistéir thuaithe agus ar limistéir chósta***, lena n-áirítear pobail chósta, oileánacha agus intíre atá ag brath ar an iascach agus ar an dobharshaothrú***;

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 85

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe 1.5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1.5. Forléargas cuimsitheach ar thacaíocht an Phlean do na críocha a liostaítear in Iarscríbhinn VII, agus a riachtanais agus a ndúshláin shonracha á gcur san áireamh [2000] Tagairt: Airteagal 22(2), pointe ***(h)(i)*** agus Airteagal ***45*** [bearta maidir leis na réigiúin is forimeallaí]

Saintréithe réigiúnacha dá dtagraítear ar in Iarscríbhinn VII (pointí a-j)	Caibidlí rannchuiditheacha	Costais mheasta iomlána (EUR)	Ranníocaíocht an Aontais (EUR)	Ráta íosta na ranníocaíochta náisiúnta	Liosta de na hathchóirithe tacaíochta (i gcás inarb iomchuí)
a) Réigiúin bheagfhorbartha	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Fo-iomlán	XX	XX		
b) Réigiúin trasdula	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Fo-iomlán	XX	XX		
c) Réigiúin níos forbartha	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Fo-iomlán	XX	XX		
d) Na hoileáin agus na réigiúin is forimeallaí	Caibidil XX				
	Caibidil XX				
	Fo-iomlán				

e) Riachtanais agus dúshláin shonracha réigiún teorann san Oirthear (réigiúin NUTS 2 a bhfuil teorainneacha acu leis an Rúis, leis an mBealarúis), go háirithe i réimsí na slándála, an bhainistithe teorainneacha agus na forbarthaeacnamaíche.	Caibidil XX				
	Fo-iomlán				
f) Riachtanais agus dúshláin shonracha na réigiún tuaisceartach inar tearc an daonra, atá faoi mhíbhuntáistí móra buana	Caibidil XX				

nádúrtha nó déimeagrafacha, go háirithe maidir le nascacht agus inrochtaineacht.	Fo-iomlán				

g) Aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus dúshláin shonracha na gceantar tuaithe, go háirithe iad siúd atá thíos le fadhbanna struchtúracha amhail easpa deiseanna fostaíochta tarraingteacha, ganntanas scileanna,	Caibidil XX				

tearcinfh eistíocht i leathanbh anda agus nascacht, i mbonnea gair dhigiteac ha agus eile agus i seirbhísí riachtana cha, chomh maith le himirce daoine óga, tríd an gcreatlac h shocheac namaíoch sna ceantair sin a neartú, go háirithe trí phoist a chruthú, trí thacaíoch t a thabhairt do dhaoine óga agus trí athnuach an ó ghlúin go glúin;	Fo-iomlán				

h) Riachtanais agus dúshláin shonracha na limistéara ndéanann an t-aistriútionsclaíoch difear dóibh, go háirithe iad siúd a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacharompu a eascraíonn as an bpróiseas aistrithe i dtreo spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais agus geilleagar aeráidneodrach an Aontais faoi 2050;	Caibidil XX				
	Fo-iomlán				

i) na riachtanais agus na dúshláin shonracha i limistéir uirbeacha (forbairt uirbeach inbhuanaithe);	Caibidil XX				
	Fo-iomlán				
j) Na riachtanais agus na dúshláin shonracha a sainaithníodh san úsáid atá beartaithe d'infheistíocht chríochach chomhtháite, d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail nó d'uirlisí críochacha eile lena n-áirítear an t-aistriú cóir agus straitéisí um speisialtóireacht	Caibidil XX				
	Fo-iomlán				

chliste;					

Cur i láthair na mbeart a éilítear le hAirteagal 46 [Na réigiúin is forimeallaí], lena n-áirítear tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe, spriocghrúpaí a fhaigheann tacaíocht, agus acmhainní airgeadais comhfhreagracha.

Leasú

1.5. Forléargas cuimsitheach ar thacaíocht an Phlean do na críocha a liostaítear in Iarscríbhinn VII, agus a riachtanais agus a ndúshláin shonracha á gcur san áireamh [2000]
Tagairt: Airteagal 22(2), pointe ***(f)***, agus Airteagal ***46*** [bearta maidir leis na réigiúin is forimeallaí]

Saintréithe réigiúnacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII (pointí a-j)	Caibidil rannchuidtheach/ Caibidlí rannchuidtheacha	Costais mheastaiomlána (EUR)	Ranníocaíocht an Aontais (EUR)	Ráta íosta na ranníocaíochta náisiúnta	Liosta de na hathchóirithe tacaíocht a (i gcás inarb iomchuí)
a) Réigiúin bheagfhorbartha	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Fo-iomlán	XX	XX		
b) Réigiúin trasdula	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Fo-	XX	XX		

	iomlán				
c) Réigiúin níos forbartha	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Caibidil XX	XX	XX	X%	
	Fo-iomlán	XX	XX		
d) Na hoileáin agus na réigiúin is forimeall aí	Caibidil XX				
	Caibidil XX				
	Fo-iomlán				
e) Riachtanais agus dúshláin shonracha réigiún teorann san oirthear (réigiúin NUTS 2 a bhfuil teorainneacha acu leis an Rúis agus leis an mBealarúis), go háirithe i réimsí na slándála, an bhainistithe teorainneacha agus na forbartha eacnamaíche.	Caibidil XX				
	Fo-iomlán				

f) Riachtanais agus dúshláin shonracha na réigiún tuaisceartach inar tearc an daonra, atá faoi mhíbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha, go háirithe maidir le nascacht agus inrochtaineacht.	Caibidil XX				
	Foiomlán				

g) Aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus dúshláin shonracha na gceantar tuaithe, go háirithe iad siúd atá thíos le fadhbanna struchtúracha amhail easpa deiseanna fostaíochta tarraingteacha, ganntanas scileanna,	Caibidil XX				

tearcinfh eistíocht i leathanbh anda agus nascacht, i mbonnea gair dhigiteac ha agus eile agus i seirbhísí riachtana cha, chomh maith le himirce daoine óga, tríd an gcreatlac h shocheac namaíoch sna ceantair sin a neartú, go háirithe trí phoist a chruthú, trí thacaíoch t a thabhairt do dhaoine óga agus trí athnuach an ó ghlúin go glúin;	Fo-iomlán				

h) Riachtanais agus dúshláin shonracha na limistéara ndéanann an t-aistriútionsclaíoch difear dóibh, go háirithe iad siúd a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacharompu a eascraíonn as an bpróiseas aistrithe i dtreo spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais agus geilleagar aeráidneodrach an Aontais faoi 2050;	Caibidil XX				
	Fo-iomlán				

ha) Riachtanais agus dúshláin shonracha i limistéir chósta (XXX);	***Caibidil XX***				
	Fo-iomlán				
i) na riachtanais agus na dúshláin shonracha i limistéir uirbeacha (forbairt uirbeach inbhuana ithe);	Caibidil XX				
	Fo-iomlán				
j) Na riachtanais agus na dúshláin shonracha a sainaithníodh san úsáid atá beartaithe d'infheistíocht chríochach chomhth	Caibidil XX				

áite, d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail nó d'uirlisí críochach a eile lena n-áirítear an t-aistriú cóir agus straitéisí um speisialtóireacht chliste;	Fo-iomlán				

Cur i láthair na mbeart a éilítear le hAirteagal 46 [na réigiúin is forimeallaí], lena n-áirítear tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe, spriocghrúpaí a fhaigheann tacaíocht, agus acmhainní airgeadais comhfhreagracha.

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe 1.8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1.8. Forléargas cuimsitheach ar thacaíocht an Phlean do tháirgeacht rathúil iascaigh agus dobharshaothraithe [2000]

Tagairt: Airteagal 22(2), pointe ***(i)(iii)***

Catagóir gníomhaíochtaí	Caibidlí Rannchuidit heacha	Costais mheasta iomlána (EUR)	Ranníocaíocht ón Aontas Eorpach (EUR)	Liosta na n-athchóirithe tacaíochta (i gcás inarb iomchuí)

a) Gníomhaíochtaí maidir le CBI a chur chun feidhme, lena n-áirítear gníomhaíochtaí maidir ***leis an iascach***, le rialú agus forfheidhmiú **,** le hiascaireacht NNN a chomhrac agus le sonraí eolaíocha a bhailiú le haghaidh ***cinnteoireacht eolasbhunaithe, athnuachan glúine***	Caibidil XX	XX	XX	
	Caibidil xx	XX	XX	
	Fo-iomlán	XX	XX	
b) Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le riachtanais iascaigh, dobharshaothraithe agus pobal cósta agus go háirithe riachtanais na hiascaireachta a cósta ar mionscála	Caibidil xx			
	Caibidil xx			
	Fo-iomlán			

c) Gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le hinbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta oibríochtaí iascaireachta ***agus leis an gcothromaíocht idir acmhainn iascaireachta na gcabhlach agus na deiseanna iascaireachta a atá ar fáil***.	Caibidil XX			
	Caibidil xx			
	Fo-iomlán			
d) ***Gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um na hAigéin maidir le caomhnú acmhainní bitheolaíoch***	Caibidil xx			

a na mara, athbhunú na bithéagsúlachta muirí, bainistiú gníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe inbhuanaithe agus nuálaíocht iontu, slándáil mhuirí, agus forbairt geilleagair ghoirm iomaíoch inbhuanaithe. Pleanáil spásúil mhuirí agus comhar réigiúnach muirí ar leibhéal imchuach farraige.	Caibidil xx			
	Fo-iomlán			
IOMLÁN		XX	XX	

Leasú

1.8. Forléargas cuimsitheach ar thacaíocht an Phlean do tháirgeacht rathúil iascaigh agus dobharshaothraithe [2000]

Tagairt: Airteagal 22(2), pointe ***(b) mír 2, pointe g a nua***

Catagóir gníomhaíochtaí	Caibidil rannchuiditheach/Caibidlí rannchuidithe eacha	Costais mheasta iomlána (EUR)	Ranníocaíocht ón Aontas Eorpach (EUR)	Liosta na n-athchóirithe tacaíochta (i gcás inarb iomchuí)

a) Gníomhaíochtaí maidir le CBI a chur chun feidhme, lena n-áirítear ***bailiú sonraí*, *bearta rialaithe agus forfheidhmithe is gá chun go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí faoi acquis iascaigh an Aontais is infheidhme, go háirithe Rialacháin (CE) Uimh. 1224/2009 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle, Rialachán (AE) 2017/1004 agus Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013***, iascaireacht NNN a chomhrac agus sonraí eolaíocha a bhailiú ar mhaithe le heolas ***mar***	Caibidil XX	XX	XX	
	Caibidil xx	XX	XX	
	Fo-iomlán	XX	XX	

chomhlánú ar ghníomhaíocht an Aontais arna maoiniú ag Saoráid AE				
b) Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le riachtanais iascaigh, dobharshaothraithe agus pobal cósta agus**,** go háirithe**,** riachtanais na hiascaireachta cósta ar mionscála**,** ***gníomhaíochtaí a thacaíonn le hathchóiriú, cosaint agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha uisceacha, bithéagsúlacht agus éiceachóras uisceach atá nasctha le riachtanais iascaigh agus***	Caibidil XX			
	Caibidil XX			

dobharshaot hraithe, lena n-áirítear scor sealadach agus buan, agus tacaíocht do dhúshláin shonracha amhail iad siúd a chruthaíonn speicis ionracha nó creachadóirí cosanta; gníomhaíoc htaí lena dtacaítear le grúpaí áitiúla gníomhaíoc hta iascaigh (FLAGanna)	Fo-iomlán			
ba) Gníomhaíoc htaí chun athnuachan ó ghlúin go glúin a chur chun cinn in earnálacha an iascaigh agus an dobharshaot hraithe; lena n-áirítear soitheach iascaireacht a a fháil den chéad uair, agus gníomhaíoc htaí lena bhfeabhsaíte	***Caibidil XX***			
	Caibidil XX			
	Fo-iomlán			

ar scileanna oibrithe, lena n-áirítear oideachas iascaigh, agus lena bhfeabhsaíte ar dálaí oibre agus maireachtál a ar bord, chomh maith le sábháilteach t ar bord.				
bb) Gníomhaíoc htaí chun an cabhlach iascaireacht a a dhícharbón ú, a athnuachan agus a nuachóiriú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hináitrithea cht agus sábháilteach t	***Caibidil XX***			
	Caibidil XX			
	Fo-iomlán			

c) Gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le hinbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta oibríochtaí iascaireachta, ***gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an nuálaíocht san iascach agus sa dobharshaothrú, lena n-áirítear an nuálaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a níos roghnaithí, nuálaíocht an trealaimh iascaireachta a agus an nuálaíocht chun an bhithéagsúlacht agus éiceachórais uisceacha a chaomhnú, a chosaint agus a athbhunú***	Caibidil XX			
	Caibidil XX			
	Fo-iomlán			

d) ***gníomhaíochtaí chun tomhaltas éisc a spreagadh agus chun tacú leis an tionscal cannadóireachta agus próiseála***	Caibidil XX			
	Caibidil XX			
	Fo-iomlán			
da) tacaíocht do Chomheagrú na Margaí; tacaíocht d'iascairí nó do tháirgeoirí dobharshaothraithe as cúiteamh a thabhairt d'oibreoirí na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe as a n-ioncam tarscaoilte nó as costais bhreise agus cúiteamh a thabhairt d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a stórálann táirgí iascaigh a	***Caibidil XX***			
	Caibidil XX			
	Fo-iomlán			

liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1379/ 2013, ar choinníoll go stóráiltear na táirgí sin i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31 den Rialachán sin				
IOMLÁN		XX	XX	

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe 1.8. a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1.8. a. Forléargas cuimsitheach ar thacaíocht an Phlean don athnuachan ó ghlúin go glúin i gcomhréir le hAirteagal X [athnuachan ó ghlúin go glúin] de Rialachán 202X/XXXX [Rialachán CBI]

Tagairt: Airteagal 22(2), pointe (b) mír 2, pointe g a (nua) (ii)

Lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(a) Measúnú ar an staid dhéimeagrafach atá ann faoi láthair in earnáil an iascaigh

(b) Bacainní iontrála ar iascairí óga a shainaithint agus tionscnaimh náisiúnta atá beartaithe agus bearta chun iad a shárú

(c) Tuairisc ar an bPaca Tionscnaimh d'iascairí óga agus sineirgí idir bearta a rannchuidíonn le hathnuachan ó ghlúin go glúin

Cineál na mbeart	***Caibidil rannchui ditheach/ Caibidlí***	***Costais mheasta iomlána (EUR)***	***Rannícoca íocht ón Aontas Eorpach***	***Liosta na n-athchóirit he***

	rannchui ditheacha		***(EUR)***	***tacaíocht a (i gcás inarb iomchuí)***
a. Iascairí óga dul i mbun gnó	***Caibidil xx***	***XX***	***XX***	
	Caibidil xx	***XX***	***XX***	
	Fo-iomlán	***XX***	***XX***	
b. Tacaíocht d'iascairí ar mionscála	***Caibidil XX***			
	Fo-iomlán			
c. Tacaíocht infheistíochta le déine cabhrach níos airde d'iascairí óga	***Caibidil xx***			
	Fo-iomlán			
d. Féidearthachtaí maoinithe trí ionstraimí airgeadais	***Caibidil xx***			
	Fo-iomlán			
e. Tacaíocht d'iascach agus do ghnólachtaí nuathionscanta dobharshaothraithe	***Caibidil XX***			
	Fo-iomlán			
f. Idirghabhálacha comhair lena n-éascaítear comhar idirghlúine lena n-áirítear comharbas soithí iascaireachta	***Caibidil XX***			
	Fo-iomlán			
g. Rochtain ar sheirbhísí comhairleacha agus ar chláir oiliúna atá curtha in oiriúint do riachtanais iascairí óga	***Caibidil XX***			
	Fo-iomlán			
h. Cineálacha eile beart lena n-áirithítear	***Caibidil XX***			

sineirgí le codanna eile den Phlean CNR	***Fo-iomlán***			
IOMLÁN		***XX***	***XX***	

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe 1.9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1.9. Forléargas cuimsitheach ar an úsáid atá beartaithe d'fhorbairt chríochach chomhtháite i gcathracha agus i gceantair uirbeacha agus thuaithe, d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, go háirithe LEADER, nó d'uirlisí críochacha eile lena n-áirítear an t-aistriú cóir, straitéisí um speisialtóireacht chliste agus straitéisí le haghaidh dícharbónú arna bhforbairt le tacaíocht ó ionstraimí an Aontais sa tréimhse 2021-2027 [1 000]

Tagairt: Airteagal 22(2), pointe ***(j)***(i)

An úsáid atá beartaithe d'uirlisí críochacha:	Bearta
Forbairt chríochach chomhtháite	[Liosta d'aitheantais an bhirt agus teidil]
Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail/LEADER	
[uirlisí críochacha eile]	

Leasú

1.9. Forléargas cuimsitheach ar an úsáid atá beartaithe d'fhorbairt chríochach chomhtháite i gcathracha agus i gceantair uirbeacha agus thuaithe, d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, go háirithe LEADER ***agus grúpaí áitiúla gníomhaíochta iascaigh (FLAGanna)***, nó d'uirlisí críochacha eile lena n-áirítear an t-aistriú cóir, straitéisí um speisialtóireacht chliste agus straitéisí le haghaidh dícharbónú arna bhforbairt le tacaíocht ó ionstraimí an Aontais sa tréimhse 2021-2027 [1 000]

Tagairt: Airteagal 22(2), pointe ***h***(i)

An úsáid atá beartaithe d'uirlisí críochacha:	Bearta
Forbairt chríochach chomhtháite	[Liosta d'aitheantais agus teidil na mbeart]
Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail/LEADER***/ FLAGanna***	
[uirlisí críochacha eile]	

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe 1.11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1.11a Rannchuidiú le gníomhaíochtaí muirí agus le beartas aigéin an Aontais

Tagairt: Airteagal 22(2), pointe (h)(iiib)

	Bearta
Gníomhaíochtaí a bhaineann le beartas aigéin an Aontais, sábháilteacht mhuirí agus geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt. Pleanáil spásúil mhuirí agus comhar réigiúnach muirí ar leibhéal imchuach farraige.	***[Liosta d'aitheantais agus teidil na mbeart]***

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – mír 1 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ha) Riachtanais agus dúshláin shonracha limistéar cósta;

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn XV – pointe 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tacú le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh, inter alia chun comhairle eolaíoch, bailiú sonraí agus eolas a sholáthar chun cinntí fónta éifeachtúla maidir le bainistiú iascaigh a chur chun cinn; córas rialaithe iascaigh an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, aigéin ghlana shláintiúla a chur	(e) tacú le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh, inter alia chun ***tacaíocht leordhóthanach a sholáthar do*** chomhairle eolaíoch, bailiú sonraí agus eolas chun cinntí fónta éifeachtúla maidir le bainistiú iascaigh a chur chun cinn; córas rialaithe iascaigh an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, aigéin ghlana

chun cinn, faisnéis mhargaidh a fhorbairt agus a scaipeadh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, slándáil agus faireachas muirí a chur chun cinn;	shláintiúla a chur chun cinn, faisnéis mhargaidh a fhorbairt agus a scaipeadh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, slándáil mhuirí agus faireachas muirí a chur chun cinn***, agus tacaíocht oibríochtúil agus forbartha a chur ar fáil do na Ballstáit agus a n-oibleagáidí rialaithe iascaigh faoi Rialachán (AE) 2009/1224 agus bailiú sonraí iascaigh faoi Rialachán (AE) 2017/1004 á gcomhlíonadh acu***;

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn XV – pointe 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) tacú le cur chun feidhme an bheartais aigéin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí phleanáil spásúil mhuirí, straitéisí imchuach farraige agus comhar réigiúnach muirí, cur chun feidhme an líonra Eorpaigh um breathnóireacht agus sonraí aigéin, chomh maith le feabhas a chur ar scileanna agus ar litearthacht aigéin, agus sonraí socheacnamaíocha agus comhshaoil maidir leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe a chomhroinnt, agus cur chun feidhme an bheartais maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan;	(f) tacú le cur chun feidhme an bheartais aigéin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí phleanáil spásúil mhuirí, straitéisí imchuach farraige agus comhar muirí réigiúnach ***agus trasteorann***, ***bailiú sonraí aigéin agus muirí***, cur chun feidhme an líonra Eorpaigh um breathnóireacht agus sonraí aigéin, chomh maith le feabhas a chur ar scileanna agus ar litearthacht aigéin, agus sonraí socheacnamaíocha agus comhshaoil maidir leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe a chomhroinnt, agus cur chun feidhme an bheartais maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan;

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn XV – pointe 1 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ja) tacaíocht do Líontán Sábhála Iascaigh chun tacú le hoibreoirí in earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe i gcás géarchéimeanna agus teagmhais

	eisceachtúla a chuireann isteach go mór ar na margaí agus chun margaí iascaigh, dobharshaothraithe agus bia uiscigh a chobhsú. Leis an Líontán Sábhála Iascaigh, cuirfear cúiteamh ar fáil d'oibreoirí iascaigh agus dobharshaothraithe as ioncam caillte nó costais bhreise, chomh maith le cúiteamh a cheadú d'eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus dá gcomhlachais a stórálann táirgí iascaigh atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, ar choinníoll gur stóráladh na táirgí i gcomhréir le hAirteagal 30 agus Airteagal 31 den Rialachán sin.

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn XIX a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Imchlúdaigh airgeadais náisiúnta íosta CBI
	Leithdháiltear le hAirteagal 10(2)(a)(II a) de Rialachán CNR méid EUR 7.29 billiún ar a laghad le haghaidh an Chomhbheartais Iascaigh. Is é sin an t-íosmhéid a leithdháilfidh na Ballstáit ó imchlúdach a bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí chun tacú le roinnt idirghabhálacha CBI. Tá an t-íosmhéid EUR 7.29 billiún le dáileadh ar na Ballstáit ar bhealach lena n-áiritheofar cothroime agus leanúnachas maidir le maoiniú na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe. Rinneadh é sin trína sciar faoi seach d'imchlúdach iomlán an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe don tréimhse 2021-2027 a chinneadh, i gcás gach Ballstáit, agus trí dháileadh pro rata an íosmhéid in aghaidh an Bhallstáit a léiríonn an sciar sin a chur i bhfeidhm:

An Ostair – EUR 9 221 500

An Bheilg – EUR 55 260 000

An Bhulgáir – EUR 116 620 000

An Chróit – EUR 334 630 000

An Chipir – EUR 52 590 000

An tSeicia – EUR 41 170 000

An Danmhairg – EUR 275 860 000

An Eastóin – EUR 133 700 000

An Fhionlainn– EUR 98 500 000

An Fhrainc – EUR 778 570 000

An Ghearmáin – EUR 290 740 000

An Ghréig – EUR 515 900 000

An Ungáir – EUR 51 750 000

Éire – EUR 195 390 000

An Iodáil – EUR 711 350 000

An Laitvia – EUR 185 110 000

An Liotuáin – EUR 84 000 000

Lucsamburg[1a] – EUR –

Málta – EUR 29 960 000

An Ísiltír – EUR 134 440 000

An Pholainn – EUR 703 350 000

An Phortaingéil – EUR 519 650 000

An Rómáin – EUR 223 000 000

An tSlóvaic – EUR 20 900 000

An tSlóivéin – EUR 32 850 000

An Spáinn – EUR 1 538 600 000

An tSualainn – EUR 159 100 000

Iomlán: EUR 7 290 000 000

[1a] Roghnaigh Lucsamburg gan tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí iascaigh, dobharshaothraithe agus muirí le trí chlárthréimhse anuas.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina fhreagracht eisiach, nár chuir sé san áireamh ina thuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

AN NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Ag bunú an Chiste Eorpaigh um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034
Tagairtí	COM(2025)0565 – C10-0179/2025 – 2025/0240(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	BUDG REGI AGRI 23.10.2025 23.10.2025 23.10.2025
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	PECH 23.10.2025
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	André Franqueira Rodrigues 16.1.2026
Pléite sa choiste	17.3.2026 15.4.2026
Dáta an ghlactha	15.7.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 17 –: 0 0: 8

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

17	+
PPE	David Casa, Paulo do Nascimento Cabral, Marco Falcone, Niclas Herbst, Isabelle Le Callennec, Francisco José Millán Mon, Jessica Polfjärd
PfE	Ton Diepeveen, Julie Rechagneux
Renew	Oihane Agirregoitia Martínez, Asger Christensen, Emma Wiesner
S&D	Sakis Arnaoutoglou, Thomas Bajada, André Franqueira Rodrigues, Nicolás González Casares, Eric Sargiacomo

0	-

8	0
ECR	Stephen Nikola Bartulica, Bert-Jan Ruissen, Sander Smit
ESN	Siegbert Frank Droese
PfE	António Tânger Corrêa
The Left	Luke Ming Flanagan, Emma Fourreau
Verts/ALE	Isabella Lövin

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh